

ÚDARÁS EITLÍOCHTA NA hÉIREANN

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017

IAA

# Buaicphointí IAA 2017

Sa chéad cheathairíl do mhaoirseacht sábháilteachta san eitlíocht shibhialta

Sá chéad áit I measc ANSPanna d'aibíocht sábháilteachta

Leathnú ar loingeas AOC na hÉireann á bhainistiú go sábháilte

Rátáil Shásaimh Chustaiméara 90%

Táille custaiméirí I measc na gceann is ísle san Eoraip

Ní fhaigheann IAA aon mhaoiniú stáit

## Clár Ábhar


**3** Buaicphointí airgeadais agus oibriúcháin 2017
**4** Ráiteas an Chathaoirligh
**6** Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh
**15** Stiúrthóirí agus faisnéis eile
**16** Tuarascáil na Stiúrthóirí
**24** Ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí
**25** Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách
**28** Cuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais
**29** Ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach eile
**30** Clár comhardaithe comhdhlúite
**31** Clár comhardaithe na cuideachta
**32** Ráiteas comhdhlúite ar athruithe i gcothromas
**33** Ráiteas na cuideachta ar athruithe i gcothromas
**34** Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid
**35** Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais
**56** Achoimre cúig bliana 2013-2017

## Príomhfhigúirí

| | |
|---|---|
| LÁIMHDEACHAS ↑ €193.4m | BRABÚS OIBRIÚCHÁIN €33.5m |
| GLANSÓCMHAINNÍ ↑ €212.0m | DÍBHINN DO 2017 ↑ €19.5m |
| TRASEITILTÍ ↑ 0.8% | TRÁCHT INTÍRE ↑ 3.3% |
| CEADÚNAIS ↑ 6.1% to 12,233 | AERÁRTHAIGH AR CHLÁR NA HÉIREANN ↑ 8.1% to 1,340 |
| LADRAINN CHLÁRAITHE ↑ 8,600 | MEÁNLÍON AN LUCHTA FOIRNE ↑ 666 |




# SEIRBHÍSÍ LOINGSEOIREACHTA AEIR SAN ATLANTACH THUAIDH

## Cad é a dhéanaimid?

- Rialachán Sábháilteachta san Eitlíocht Shibhialta
- Slándáil Eitlíochta
- Bainistiú Aerthráchta
- Gníomhaíochtaí Tráchtála

# Buaicphointí airgeadais agus oibriúcháin 2017

| BUAICPHOINTÍ AIRGEADAIS | 2017 €'000 | 2016 €'000 | % Athrú |
|---|---|---|---|
| Láimhdeachas | **193,442** | 191,921 | +0.8% |
| Brabús oibriúcháin | **33,540** | 39,490 | -15.1% |
| Brabús tar éis cánach | **26,267** | 32,115 | -18.2% |
| Díbhinní íoctha | **9,248** | 7,430 | +24.5% |

| GNÍOMHAÍOCHT AERTHRÁCHTA | 2017 Uimhir | 2016 Uimhir | % Athrú |
|---|---|---|---|
| Traseitiltí En Route | **343,977** | 341,082 | +0.8% |
| Trácht Críochfoirt Tráchtála | **255,019** | 246,816 | +3.3% |
| Cumarsáideanna an Atlantaigh Thuaidh | **500,684** | 476,790 | +5.0% |

| FOSTAÍOCHT | 2017 | 2016 | % Athrú |
|---|---|---|---|
| Meánlíon fostaithe | **666** | 652 | +2.1% |

| TÁILLÍ CUSTAIMÉIRÍ | 2017 € | 2016 € | % Athrú |
|---|---|---|---|
| Traseitiltí En Route | **29.54** | 29.67 | -0.4% |
| Trácht Críochfoirt Aerfoirt | **171.69** | 180.18 | -4.7% |
| Cumarsáideanna an Atlantaigh Thuaidh | **45.00** | 45.00 | 0.0% |
| Rialachán Sábháilteachta | **Gan athrú** | +1.5% | |

# Ráiteas an Chathaoirligh



> Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Údarás Eitlíochta na hÉireann don bhliain dar gcríoch 31 Nollaig 2017 a chur faoi bhur mbráid.

**Anne Nolan** | Cathaoirleach

## Brollach

Rialáil an IAA go héifeachtach i 2017 agus sholáthair sé seirbhís rialaithe aerthráchta sábháilte agus éifeachtúil dá chustaiméirí aerlíne.

Go déanach in 2017, roghnaigh an IAA Príomhfheidhmeannach nua, an tUasal Peter Kearney. Ag tráth na scríbhneoireachta, tá a chonradh á chur i gcríoch leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tá an bord go hiomlán muiníneach go stiúrfaidh an tUasal Kearney bhainistíocht agus fhoireann an IAA trí na dúshláin agus na deiseanna atá romhainn.

## Rialachán Sábháilteachta

Is í an tsábháilteacht ár gcéad tosaíocht. Le linn na bliana, rinne an IAA maoirseacht rialála éifeachtach ar thionscal na heitlíochta sibhialta in Éirinn. Tá clár cuimsitheach maoirseachta ag IAA agus rinneadh roinnt iniúchtaí, cigireachtaí agus seiceálacha i gcaitheamh na bliana. In 2017, rinne an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EASA) iniúchtaí ar réimsí feistí oiliúna insamhlóra eitilte agus ar eagraíochtaí oiliúna píolótach faofa. Dhearbhaigh gach ceann de na hiniúchtaí seo go bhfuil an IAA ag comhlíonadh gach riachtanais EASA ina iomláine.

In iniúchtaí monatóireachta leanúnacha ag ICAO (Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta) tá scór feidhmiúcháin éifeachtach an-ard bainte amach ag an Stát agus tá sé rangaithe sa cheathairíl uachtarach san Eoraip agus ar fud an domhain.

Rinneadh an leathnú suntasach ar aerloingeas na sealbhóirí AOC (teastas oibreora aeir), a bhfuil méadú 20% air sa dá mhí dhéag go dtí an 31 Nollaig a bhainistiú go heifeachtach.

## Bainistiú Tráchta Aeir

Láimhseáil an IAA leibhéil níos airde tráchta i n2017 ná mar a láimhseáil in 2016. Tháinig méadú 0.8% ar threaseitiltí en route go dtí beagnach 344,000 eitilt. Tháinig méadú 5.0% ar thrácht ar an Atlantaigh Thuaidh go dtí os cionn 500,000 eitilt agus tháinig méadú 3.3% ar thrácht críochfoirt tráchtála go dtí 255,000 gluaiseachta. Cuireadh seirbhís shábháilte agus éifeachtúil ar fáil dár gcustaiméirí uile aerlíne. Leanann táillí IAA le bheith ar cheann de na cinn is ísle san Eoraip agus mar thoradh ar shuirbhé neamhspleách ar ár 33 gcustaiméir is fearr bhí rátáil sástachta custaiméirí 90.12% ann.

In 2017, bhain an IAA a spriocanna feidhmíochta sna réimsí sábháilteachta, cumais, comhshaoil agus éifeachtúlacht ó thaobh costais de amach de réir mar atá leagtha amach sa scéim feidhmíochta Single Ruropean Sky 2015 go 2019. I suirbhé aibíochta sábháilteachta CANSO/EUROCONTROL, d'éirigh leis an IAA scór ard a bhaint amach i gcomparáid le soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta Eorpacha agus domhanda.

## Feidhmíocht Airgeadais

Léirigh an IAA feidhmíocht láidir airgeadais eile in 2017. B'ionann brabús comhdhlúite roimh cháin agus €31.1 milliún agus brabús tar éis cánach €26.3 milliún. Bhí feabhas €82.7 milliún ar ghlansócmhainní an Ghrúpa go €212.0 milliún go príomha mar gheall ar laghdú ar easnamh chiste pinsean sochair sainithe an IAA inar tuairiscíodh feabhas ar an ráta lascaine a úsáideadh chun dliteanais phinsin a thomhas.

## Díbhinn

Tá an-áthas ar an mbord a dhearbhú go n-íocfar díbhinn €19.5 milliún lenár scairshealbhóirí i leith 2017. Áirítear leis seo díbhinn speisialta €12.0 milliún, a bhuí le rath an IAA maidir lena ghnó a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil.

## Rialachas Corparáideach

Cloíonn an bord leis na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde. In 2017, chloí an IAA, agus é i mbun a cuspóirí rialachais a bhaint amach, le Cód Cleachtais 2016 um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Déanann an IAA athbhreithniú ar a bheartais agus ar a nósanna imeachta ar bhonn leanúnach chun leanúint le comhlíonadh na gcaighdeán sin.

## Scaradh

Le linn na bliana d'fhógair an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt go bhfuil sé ar intinn aige feidhmeanna rialála agus soláthair seirbhíse an IAA a scaradh óna chéile. Is tionscadal suntasach é seo agus is é an dúshlán a bheidh ann ná scaradh gan uaim a bhaint amach nach mbeidh tionchar aige ar ár ngníomhaíochtaí rialála nó ar ár gcuid seirbhísí soláthair seirbhíse. Leanfaimid leis an ábhar seo a phlé níos faide leis an Roinn in 2018.

## Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe boird as an méid éifeachtach a rinne siadon IAA in 2017. Tháinig deireadh le téarma oifige an Uasail Kevin O'Driscoll i mí Mheán Fómhair. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis as a chuid seirbhíse tiomnaithe. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tUasal Shane Ross TD, as an tacaíocht a thug sé i rith na bliana. D'éirigh ár nIar-Phríomhfheidhmeannach agus ball den bhord, an tUasal Eamonn Brennan as , ag deireadh na bliana chun post a ghlacadh mar Ard-Stiúrthóir EUROCONTROL. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do cheannaireacht láidir Eamonn san IAA agus don mhéid a chur sé lena rath thar na blianta. Is léiriú muiníne láidir dá cheannaireacht phearsanta chomh maith leis an ról tábhachtach tábhachtach atá ag Éirinn in eitlíocht shibhialta é a cheapachán nua. In eineacht le foireann an IAA, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leat as do thiomantas leanúnach agus do dhíogras.



**Anne Nolan**
Cathaoirleach

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh



Is í an tsábháilteacht ár bpríomhthosaíocht agus mar sin tá áthas orm a rá gur bhliain shábháilte eile í 2017 i rialáil an tionscail eitlíochta shibhialta in Éirinn agus i seachadadh seirbhísí rialaithe aerthráchta in aerspás rialaithe ag Éirinn.

**Peter Kearney** | Príomhfheidhmeannach Ainmnithe

## Rialachán Sábháilteachta

D'éirigh le IAA 2017 fanacht mar rialtóir sábháilteachta a bhfuil ardmheas air, agus a dhéanann maoirseacht ar shábháilteacht thionscal eitlíochta sibhialta na hÉireann a bhfuil beagnach 1,400 aerárthach ar chlár na hÉireann, 15 oibreoir aer, 24 aeradróm ceadúnaithe agus beagnach 13,000 pearsanra ceadúnaithe i gceist leis.

Tháinig méadú 20% ar líon na n-aerárthach a d'oibrigh príomh-shealbhóirí AOC (teastas oibreora aerárthach) in 2017 go 643 aerárthach mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| RYANAIR | 420 |
| NORWEGIAN AIR INTERNATIONAL | 69 |
| AER LINGUS | 49 |
| ASL AIRLINES (ÉIRE) | 43 |
| CITYJET | 40 |
| STOBART AIR | 19 |
| SAS ÉIRE | 3 |

Deonaíodh AOC Éireannach ar SAS Éireann i mí na Nollag 2017 agus thosaigh Norwegian Air le heitiltí trasatlantacha as Éirinn an samhradh seo caite.

## Clár Maoirseachta Sábháilteachta

Tá clár cuimsitheach maoirseachta ag IAA, a chuimsíonn iniúchtaí, cigireachtaí agus seiceálacha (inniúlacht agus míochaine) lena chinntiú go gcomhlíonann eagraíochtaí agus daoine aonair na ceanglais agus na caighdeáin sábháilteachta is infheidhme. Úsáidtear cur chuige riosca agus feidhmíochtbhunaithe maidir le maoirseacht a dhéanamh ar eitlíocht shibhialta chun acmhainní an IAA a dhíriú ar na réimsí sábháilteachta is mó imní. Ina theannta sin, ceanglaítear ar eagraíochtaí faofa córais bhainistíochta sábháilteachta a chur i bhfeidhm chun na rioscaí a bhaineann go sonrach lena n-oibríochtaí féin a bhainistiú.

Braitheann bainistíocht éifeachtach sábháilteachta ar bhearta cuí feidhmíochta sábháilteachta a aithint. Tá na príomhbheartais ardleibhéil maidir le feidhmíocht sábháilteachta in Éirinn foilsithe san Athbhreithniú Sábháilteachta Bliantúil (https://www.iaa.ie/safety/safety-performance1). Áirítear leis an bPlean Sábháilteachta Stáit 2017 - 2020 na gníomhaíochtaí maolaithe atá ag an IAA chun aghaidh a thabhairt ar na príomhrioscaí sábháilteachta a eascraíonn as anailís na sonraí, idir Éireannacha agus Eorpacha.

Lean an laghdú líon na dtimpistí marfacha agus na mbásanna i rith 2017 ar fud an domhain. Ar an ndrochuair in Éirinn, bhí timpiste marfach amháin a raibh baint ag oibreoir Éireannach i mí an Mhárta 2017 ag an gCarraig Dhubh, Co. Mhaigh Eo ina bhfuair beirt bás agus ina bhfuil beirt ar iarraidh ar iarraidh agus timpiste marfach amháin, i Márta 2017, ag Cnoc Ui Thaobáin, Co Phort Láirge ina raibh aerárthach eitlíochta ginearálta i gceist.

## Tuairisciú Tarluithe

Tríd an gClár Sábháilteachta Stáit d'Éirinn, tá an IAA tiomanta do thuairisciú tarluithe sábháilteachta a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn mar phríomhcholún de bhainistiú riosca sábháilteachta.

Is é an cuspóir atá le tuairisciú sábháilteachta cur le feabhsú sábháilteacht aeir trína chinntiú go n-aithneofar, go mbailítear, agus go ndéantar anailís ar fhaisnéis ábhartha maidir le himeachtaí a bhaineann le sábháilteacht, lena n-áirítear rioscaí sábháilteachta a aithint go réamhghníomhach agus díriú na rioscaí sin ina dhiaidh sin chun aon fhéidearthacht ar dhrochthoradh a mhaolú. Éilíonn rialacháin an AE ar eagraíochtaí eitlíochta agus ar údaráis eitlíochta córais tuairiscithe tarluithe éigeantacha agus deonacha a chur i bhfeidhm. Tá cultúr tuairiscithe tarluithe na n-oibreoirí aer na hÉireann i measc na gceann is fearr san Eoraip bunaithe ar shuirbhé a rinneadh le déanaí ar fud an AE maidir leis seo.

I gcomhréir le feidhmíocht le blianta beaga anuas, fuair an IAA breis agus 10,000 tuairisc ar tharluithe ó oibreoirí aer, ó sholáthraithe seirbhísí aerloingseoireachta, ó oibreoirí aerfoirt, ó eagraíochtaí aerfhiúntais agus ó dhaoine aonair i 2017. Déantar gach tuairisc aonair a riosca a aicmiú agus a anailísiú chun guaiseacha sábháilteachta féideartha a aithint. Déantar imscrúdú leanúnach de gach tuarascáil i gcomhar leis an eagraíocht tuairiscithe.

Tá an t-imscrúdú seo bunaithe ar an mbaol measúnaithe agus d'fhéadfadh imscrúdú mionsonraithe ar dhuine aonair nó ar ghrúpa tuarascálacha ard-riosca a bheith ann, nó monatóireacht treochta ar imeachtaí riosca íseal. Rinneadh 93% de na tuairiscí ar tharluithe a chuir faoi bhráid an IAA in 2017 a mheas mar riosca íseal.

Chun cuidiú le bainistiú riosca ag leibhéal an AE, bíonn gach tuairisc faoi réir seiceálacha chaighdeán na sonraí agus seiceálacha iomláine sonraí ag an IAA sula ndéantar an tuarascáil a aistriú chuig an stór lárnach Eorpach. Déantar gach tuairisc a chuirtear faoi bhráid an IAA a phróiseáil agus aird chuí á tabhairt ar na forálacha rúndachta agus cosanta sonraí i reachtaíocht an AE agus na hÉireann.

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh (ar lean)

### Iniúchtaí EASA

In 2017, rinne an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EASA) dhá iniúchadh caighdeánaithe. Dhírigh na hiniúchtaí ar réimsí feistí oiliúna insamhlóra eitilte agus eagraíochtaí oiliúna píolóta faofa. Dhearbhaigh gach ceann de na hiniúchtaí seo go bhfuil an IAA ag comhlionadh go hiomlán le riachtanais EASA.

### Iniúchtaí Sábháilteachta ICAO

Tugann an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) faoi iniúchtaí monatóireachta leanúnacha ar an Stát, lena n-áirítear an IAA. Tá scór feidhmiúcháin éifeachtaigh an-ard bainte amach ag an Stát agus tá sé rangaithe sa chéad cheathairíl ar bhonn Eorpach agus domhanda araon.

### Rialachán Bunúsach

Rinneadh nuashonrú ar phríomh-rialachán an AE (Bun-Rialachán) a rialaíonn eitlíocht shibhialta i mBallstáit an AE i 2017 agus táthar ag súil le go bhfoilseofar é san Iris Eorpach i lár 2018. Leathnóidh an rialachán nua ról EASA agus cruthóidh sé idir bhagairtí agus deiseanna don IAA agus do thionscal eitlíochta na hÉireann araon sna blianta atá romhainn.

### Tréimhse Thagartha 3 Single European Sky (SES)

Tá tús curtha le réamhchomhairliúcháin maidir le feidhmíocht agus scéimeanna muirir SES sula gcuirfear an tríú tréimhse tagartha (RP3) a thosóidh in 2020 i bhfeidhm.

### Ladrainn

Is ceanglas dlíthiúil é do ladrainn atá níos troime ná 1kg a bheith cláraithe in Éirinn. Faoi láthair, tá 8,600 ladrann agus mionsamhail d'aerárthach samhail ar chlár ladrann an IAA. Leanfaimid le feasacht sábháilteachta a chur chun cinn fáil trí fheachtais éagsúla.

### Scaipeadh Feidhmeanna

In 2017, d'fhógair an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt go bhfuil sé ar intinn aige feidhmeanna rialála agus soláthair seirbhíse an IAA a scaradh. Oibreoimid lena Roinn, in 2018, chun plean cuí a fhorbairt.

### Maoirseacht Slándála

Mar an údarás cuí in Éirinn chun críocha Rialachán CE 300/2008 (Rialacha comhchoiteanna i réimse na slándála eitlíochta sibhialta) tá an IAA freagrach as a chinntiú go gcuirfidh oibreoirí aerfoirt, aeriompróirí agus eintiteas rialáilte a bhfuil baint acu le lasta, le postas, le soláthairtí in-eitilte agus aerfoirt ceanglais rialála i bhfeidhm. Tá údaráis stáit a bhfuil ról acu i slándáil eitlíochta faoi réir monatóireachta comhlíonta freisin. Tagann breis agus 400 eagraíocht faoi raon feidhme ról rialála an IAA.

Is bunchloch de shlándáil eitlíochta éifeachtach é comhlíonadh leanúnach agus bhí torthaí 2017 in Éirinn comhsheasmhach le blianta roimhe sin. Chomh maith le gníomhaíochtaí comhlíonta, reáchtáil an IAA ceardlanna, measúnuithe riosca, gníomhaíochtaí comhordaithe agus thug sé tacaíocht theicniúil do choistí agus do ghrúpaí oibre Eorpacha agus náisiúnta. Rinneadh deimhniúchán ar athsheoladh freisin do níos mó ná 2,000 duine ar theastaigh deimhniú ón IAA ar a gcuid dualgas slándála eitlíochta uathu.

## Bainistiú Tráchta Aeir

Lean an méadú ar leibhéil tráchta agus taifeadadh méadú de 0.8% i dtraseitiltí en route in 2017, méadú 5.0% ar eitiltí cumarsáide an Atlantaigh Thuaidh agus méadú 3.3% i dtrácht tráchtála críochfoirt, i gcomparáid le 2016. Tháinig méadú 4% ar thrácht tráchtála ag aerfort Bhaile Átha Cliath agus tháinig méadú 0.8% ar thrácht ag aerfort na Sionainne agus laghdú 1.3% ar aerfort Chorcaí. Chuir an IAA seirbhís shábháilte agus éifeachtúil ar fáil do na eitiltí seo agus táirgiúlacht agus éifeachtúlacht na bhfostaithe á huasmhéadú. Ní raibh moilleanna ar bith ar an mbealach inchurtha i leith an IAA agus d'fhan comhlíonadh

le sealanna tuirlingthe maidir le tráchta críochfoirt fós i bhfad níos airde ná meán na hEorpa.

Agus leibhéil tráchta atá tuartha go bhfanfaidh siad láidir, táthar ag pleanáil le líon na foirne a mhéadú chun a chinntiú go gcoimeádtar seirbhís an IAA sábháilte agus éifeachtach. Agus é seo san áireamh, tá roinnt clár rialtóra aerthráchta faoi oiliúint beartaithe do 2018 agus do 2019 chomh maith le earcaíocht dhíreach d'fhoireann oibríochtúil a bhfuil taithí acu.

## Feidhmíocht


I bpríomhshlat tomhais ar chaighdeán shármhaitheas na gcóras bainistíochta sábháilteachta, arna seoladh ag CANSO/ EUROCONTROL, in 2017 bhain an IAA an scór aibíochta sábháilteachta is airde amach as na soláthraithe seirbhíse aerloingseoireachta Eorpach agus Idirnáisiúnta a bhí páirteach ann.

Sa mheasúnú ar eochairtháscaire feidhmíochta sábháilteachta bliantúil ar Measúnú Éifeachtacht na Bainistíochta Sábháilteachta (EoSM) de tréimhse thagartha 2 deireanach a foilsíodh, arna stiúradh ag EASA (an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta), rinneadh ar sholáthraí seirbhíse aerloingseoireachta an IAA a mheas le haibíocht sábháilteachta 92% , an comhscór is airde de ANSPanna FAB (bloc feidhme aerspáis) na hEorpa.

Le linn na bliana, cuireadh uirlisí nua um fhaisnéis sábháilteachta i bhfeidhm chun imscrúduithe sábháilteachta maidir le tarlú agus monatóireacht ar fheidhmíocht agus chun anailís ar eachtraí a fheabhsú a éascú.


In 2017, bhain an IAA a spriocanna amach faoin scéim feidhmíochta Single European Sky (SES) faoi na cheannteidil: sábháilteacht, cumas, timpeallacht agus éifeachtúlacht ó thaobh costais. Ba é 2017 an tríú bliain de thréimhse cúig bliana.

I suirbhé bliantúil, neamhspleách ar na 33 chustaiméir is fearr de chuid an IAA, fuair an IAA rátáil sástachta custaiméirí 90.12%. Rinne an suirbhé seo sábháilteacht, nuálaíocht, éifeachtacht ar chostas airgeadais, seachadadh seirbhíse agus bainistíocht caidrimh chustaiméara a thomhas. Cuirfear plean gnímh custaiméirí bunaithe ar na tuairimí a fuarthas mar chuid den suirbhé i bhfeidhm in 2018.



# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh (ar lean)

Leanann ár muirir en route le bheith ar cheann de na cinn is ísle san Eoraip. Taispeánann an graf thíos táillí 2018 do gach ballstát EUROCONTROL, a bhí faofa i mí na Nollag 2017:




## Nuálaíocht

Tá tús curtha le hobair ar thúr rialú amhairc nua ag aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá an túr seo ag teastáil mar chuid de phleananna daa a éascú chun rúidbhealach comhthreomhar a thógáil. Tá oibríochtaí rúidbhealaigh aonair beartaithe ón túr nua sa chéad leath de 2020 agus oibríochtaí rúidbhealaí comhthreomhara i 2021.

Is ceist lárnach don IAA é acmhainn ag aerfort Bhaile Átha Cliath agus rialaitheoirí aerthráchta ag bhainistiú níos mó ná 700 gluaiseachtaí tráchtála ar bhonn laethúil go rialta i rith shamhradh 2017. D'éirigh leis an Aerfort tréchur rúidbhealach a uasmhéadú agus seirbhís éifeachtach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chothabháil trí thionscnaimh cosúil le Point Merge, spásáil imeachta - teachta laghdaithe, Feabhsúcháin ar Oibríochtaí Rúidbhealaigh d'Ard-déine (HIRO) agus plé leanúnach le páirtithe leasmhara.

Leanfaimid orainn ag obair lenár gcomhpháirtí FAB (bloc feidhme aerspáis), NATS sa Ríocht Aontaithe, agus le chéile táimid tar éis ardchóras a chur i bhfeidhm a laghdaíonn go mór an mhoill ar aerárthaigh agus ar phaisinéirí ag taisteal go Londain Heathrow. Soláthraíonn an tionscnamh coigiltis astaíochtaí breosla agus $CO_2$ freisin.

I 2017, leathnaíomar ár múnla Saor-Aerspáis (FRA) chun aerspás ar leibhéal íseal a chur san áireamh. Tá cheann de na feidhmiúcháin FRA is éifeachtaí agus is éifeachtúla san Eoraip anois ag an IAA. Ba chumasóir é an FRA a leathnú chun aerspás ar leibhéal íseal do Chéim 1 de phlean feidhmiúcháin FRA an chomhaontais Borealis.

Tá comhaontas Borealis comhdhéanta de naoi soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena n-áirítear an IAA.

Nuair a bheidh sé curtha i bhfeidhm go hiomlán, beidh aerspás saor bhealaigh ar fáil do níos mó ná aon trian de ghréasán aerthráchta na hEorpa mar gheall ar phlean forfheidhmithe FRA.

Chun cur le céad chéimeanna na nOibríochtaí Duine Aonair (SPO), cuireadh an dara céim i bhfeidhm in 2017. Ina theannta sin, tar éis athbhreithniú cuimsitheach agus insamhalta, rinneadh athruithe feabhsaithe ar an aerspás agus ar earnálú chun a chinntiú go bhfanfaidh oibríochtaí en route an-solúbtha agus an-éifeachtach.

Chuir an IAA roinnt feabhsuithe i bhfeidhm freisin ar thacar teachtaireachta CPDLC (Cumarsáideanna Nasc Sonraí Píolóta-Rialóra) in 2017. Mar thoradh air sin, tá ionad rialaithe limistéar na Sionainne anois ar cheann de na húsáideoirí naisc sonraí is mó san Eoraip. Leanfaimid ag iniúchadh agus ag leathnú an tacar teachtaireachta atá ar fáil a leathnú chun sábháilteacht agus cumas oibríochtaí en route a fheabhsú.

Le linn 2017 tugadh isteach teicneolaíochtaí cumarsáide gutha nua ag ár n-ionad cumarsáide i mBaile Uí Gheirín freisin. Chuir ISAVIA (An Íoslainn) teicneolaíochtaí den chineál céanna i bhfeidhm freisin ionas gur féidir le soláthraithe seirbhíse aerloingseoireachta comhoibriú i soláthar HF/VHF fíorúil/(ardmhinicíocht/an-ardmhinicíocht) sna haer-spásanna comhpháirteacha, rud nár tharla cheana i dteicneolaíocht cumarsáide HF domhanda.

## Comhpháirtíochtaí

COOPANS
REAL COOPERATION, REAL RESULTS

Leanann córas bainistíochta aerthráchta COOPANS ag feidhmiú go han-rathúil sna cúig thír rannpháirteacha, sa tSualainn, sa Danmhairg, san Ostair, sa Chróit agus in Éirinn. Tá clár leanúnach uasghrádaithe beartaithe mar chuid de phlean oibre COOPANS. Níl aon ghrúpa eile san Eoraip gar don leibhéal céanna comhoibrithe teicniúla a bhaint amach. I mí an Mhárta 2018, faomhadh NAV sa Phortaingéil mar bhall iarrthóra de COOPANS agus táthar ag súil le go mbeidh siad ina mball iomlán ag dáta amach anseo.

Aireon

Le linn na bliana, mhéadaigh an Grúpa a scairshealbhú in Aireon go 4.83% ar bhonn tosaíochta (6% ar bhonn iar-fhuascailte) agus a sceideal comhaontaithe infheistíochta críochnaithe aige. Tá Aireon ag forbairt córas faireachais aerthráchta domhanda bunaithe ar spás ag baint úsáide as ADS -B (craoladh faireachais spleách uathoibríoch) a dhéanfaidh cumais bhainistíochta aerthráchta a chlaochlú trí fhaireachán aerthráchta domhanda agus rianaithe a sholáthar do sholáthraithe seirbhíse aerloingseoireachta (ANSPanna) agus páirtithe leasmhara eitlíochta ar bhonn fíor ama.

Is seirbhís rianaithe éigeandála domhanda saor in aisce é Aireon ALERT (Rianú Aerárthaí agus Rianú Freagartha Éigeandála) a fheidhmeoidh an IAA i as ár n-ionad Atlantaigh Thuaidh i mBaile Ui Gheirín. Táthar ag súil le go dtosóidh clárúcháin don tseirbhís seo go luath.

ENTRY POINT NORTH

In 2017, mhéadaigh an IAA, chomh maith le Naviair (an Danmhairg) agus LFV (an tSualainn) a scairshealbhú in Entry Point North AB (EPN) go 33⅓%. Mar phríomhsholáthraí réiteach oiliúna um thrácht aerthráchta, soláthraíonn EPN, trína fhochuideachta Entry Point North DAC, oiliúint um rialú tráchta aerthráchta don IAA.

UK - Ireland FAB
Europe's North Atlantic Gateway

Leanann an IAA agus NATS ag obair go maith le chéile i dtionscadail a sheachadadh ina mbíonn coigiltis aerlínte i dtéarmaí dó laghdaithe breosla,

# **Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh** (ar lean)

sochar ama agus chomhshaoil mar thoradh orthu. Leanfaimid orainn le monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag Brexit ar threoir an FAB (bloc feidhme aerspáis) as seo amach.

Tá an IAA, trí chomhaontas COOPANS, ina chomhalta de Chomhaontas Imlonnaithe SESAR. Ghlac an comhaontas seo ról Bhainisteoir Imlonnaithe SESAR chun an Clár Imlonnú um Bainistiú Aerthráchta Eorpaigh (SESAR) a fhorbairt agus a chothabháil.

## Athbhreithniú Airgeadais

D'fheidhmigh an Grúpa go láidir ó thaobh airgeadas de in 2017. Mar thoradh ar ardleibhéal tráchta, chomh maith le díriú leanúnach ar tháirgiúlacht agus ar bhainistiú costais, tá brabús oibriúcháin Grúpa de €33.5 milliún agus brabús tar éis cánach €26.3 milliún bainte amach. Tá suíomh leachtachta an Ghrúpa fós láidir, ag cur ar chumas an IAA éilimh shuntasacha a chláir chaiteachais chaipitil a chomhlíonadh.

## Díbhinn

Tá díbhinn, de réir bheartas díbhinne an IAA, de € 7.5 milliún, faofa ag an mbord. D'aontaigh an bord freisin, mar aitheantas ar fheidhmíocht láidir airgeadais an IAA le roinnt blianta anuas, go n-íocfar díbhinn speisialta € 12.0 mhilliún leis an scairshealbhóir, sin díbhinn iomlán iníoctha €19.5 milliún in 2018.

| **Buaicphointí airgeadais** | **2017 €'m** | **2016 €'m** |
|---|---|---|
| Láimhdeachas | **193.4** | 191.9 |
| Brabús oibriúcháin | **33.5** | 39.5 |
| Brabús roimh cháin | **31.1** | 39.1 |
| Muirear cánach | **(4.8)** | (7.0) |
| Brabús tar éis cánach | **26.3** | 32.1 |
| Díbhinn íoctha | **9.2** | 7.4 |

## Láimhdeachas

Tháinig méadú 0.8% ar láimhdeachas go €193.4 milliún. Déantar 87% d'ioncam a ghiniúint trí sheirbhísí rialaithe aerthráchta agus seirbhísí cumarsáide gutha a sholáthar, a chuirtear ar fáil iad i 451,000 ciliméadar cearnach d'aerspás rialaithe ag Éirinn agus 2.2 milliún ciliméadar cearnach ar an Atlantach Thuaidh faoi seach, agus b'ionann gníomhaíochtaí rialaithe sábháilteachta agus 10% d'ioncam iomlán.

B'ionann ioncam en route agus €120.2 milliún ar 62% d'ioncam iomlán é agus baineann sé le seirbhísí rialaithe aerthráchta a cuireadh ar fáil, go príomha, le haerárthaí nach dtuirlingíonn in Éirinn. Tá méadú suntasach thar an méid tuartha ar thrácht en route le blianta beaga anuas, mar gheall ar an leibhéal méadaithe éileamh an aerthaistil aer agus geilleagair na hEorpa ag feabhsú agus praghsanna breosla fós íseal. In 2017, bhí ceann de na táillí en route ba ísle san Eoraip ag an IAA.

Gintear ioncam críochfoirt ó sholáthar seirbhísí ascnaimh, tuirlingthe agus éirithe de thalamh ag aerfoirt na Stát - Corcaigh, Baile Átha Cliath agus na Sionainne. B'ionann ioncam críochfoirt 13% d'ioncam iomlán agus é ar €25.1 milliún, bhí méadú ioncam 1.9% ar ioncam na bliana seo caite. Tá an méadú seo ann a bhuí le fás suntasach ag aerfort Bhaile Átha Cliath.

Ioncam cumarsáide an Atlantaigh Thuaidh Ba é €22.3 milliún an t-ioncam seo in 2017, ar méadú 5.0% i gcomparáid le 2016 é. Agus e ina 11% ar ioncam iomlán, láimhseáil ionad cumarsáide IAA ag Baile Uí Gheirín, ar an meán, beagnach 1,400 eitilt in aghaidh an lae in 2017 agus ba é an lá ba gnóthaí a taifeadadh an 24 Meitheamh nuair a thacaigh an IAA le 1,684 eitilt.

Déanann an rialtóir sábháilteachta maoirseacht ar thionscal eitlíochta sibhialta in Éirinn a chuimsigh, ar an 31 Nollaig 2017, 1,340 aerárthach ar chlár na hÉireann, 15 oibreoir aeir, 12,223 ceadúnas a eisíodh chuig píolótaí, innealtóirí, rialtóirí aerthráchta agus oifigigh raidió agus 24 aeradróm ceadúnaithe. Gearrtar táillí de réir Ordú Táillí

Údarás Eitlíochta na hÉireann 2015 agus, i 2017, b'ionann iad sin agus €20.0 milliún, méadú 11.3% i gcomparáid le 2016.

Áirítear €3.3 milliún san ioncam tráchtála a ghearradh ar Entry Point North Éireann DAC do sheirbhísí oiliúna a sholáthraíonn an IAA, ar neamhthuilleamaí, i gcaitheamh na bliana.

### Costais Oibriúcháin

Tháinig méadú 4.9% nó €7.5 milliún ar chostais oibriúcháin €159.9 milliún. Mínítear beagnach leath an mhéadaithe seo le costais foirne níos airde atá inchurtha i leith méaduithe ar líon na foirne agus arduithe pá ginearálta (mar chuid de chomhaontú comhchoiteann cúig bliana 2015 go 2019). Tháinig méadú beagnach 13% ar chostais oiliúna agus tháinig méadú 25% ar chostais oibriúcháin agus cothabhála i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Tá méadú tagtha ar chostais dímheasa mar a mhéadaigh an bonn sócmhainne in 2017. Mar chéatadán den láimhdeachas, bhí chostais oibriúcháin 83% i gcomparáid le 79% in 2016.

### Brabús Oibriúcháin

Ba é €33.5 milliún an brabús oibriúcháin i 2017, ar laghdú 15.1% é ar an mbliain roimhe sin, mínithe, go príomha, trí chostais oibriúcháin níos airde.

### Clár comhardaithe

D'fheabhsaigh glansócmhainní comhdhlúite ó €129.3 milliún in 2016 go €212.0 milliún in 2017. Tharla an feabhas seo den chuid is mó mar gheall ar fheabhas suntasach ar dhliteanais phinsean sochair shainithe na cuideachta a raibh laghdú ar de 46.4% nó €64.4 milliún ar bhonn glan. Tháinig mhéadú ar an ráta lascaine a úsáideadh chun dliteanais chistí pinsin a luacháil in 2017 agus rinneadh athmheasúnú ar thoimhdí mortlaíochta chun teacht le le fianaise ar leibhéil níos ísle feabhsuithe mortlaíochta ná mar a measadh i dtosach. Tá príomhscéimeanna sochair shainithe an IAA - agus 'Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 1996' agus 'Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 2008' - faoi réir togra maoinithe thiocfaidh in éag faoi dheireadh 2018. Tá na scéimeanna seo dúnta d'iontrálaithe nua ó dheireadh na bliana 2011 tráth a tháinig gach fostaí nua isteach faoi scéim pinsin hibrideach an IAA. In 2017, rinne an fostóir ranníocaíochtaí pinsin iomlána €19.9 milliún agus chuir fostaithe €3.3 milliún léi.

Bhí €77.2 milliún de shócmhainní seasta comhdhlúite ann ag deireadh na bliana, i gcomparáid le €79.9 milliún ag deireadh 2016. Tá an IAA tiomanta dá chlár infheistíochta caipitil agus tá straitéis teicneolaíochta atá i bhfeidhm aige chun tacú le hinfheistíochtaí as seo amach. Is éard atá i gceist le sócmhainní seasta airgeadais €23.7 milliún ná infheistíochtaí an Ghrúpa in Aireon agus Entry North. Mhéadaíodh scairshealbhú sa dá infheistíocht in 2017.

## Acmhainní Daonna

Bhí folláine na bhfostaithe fós ina tosaíocht in 2017 agus cuireadh roinnt tionscnamh folláine, iad dírithe ar shláinte fhisiciúil agus mheabhrach, ar fáil don fhoireann tríd an gclár um fhostaí '*iHealth Positive Matters*'. Cheiliúir an IAA Lá Náisiúnta um Fholláine trí óráidí ama lóin a thug AWARE ar feasacht mheabhairshláinte a óstáil.

Bhí an ailtireacht nua um chaidreamh tionsclaíoch a forbraíodh ó Chomhaontú Comhchoiteann IMPACT/IAA (2015 - 2019) éifeachtach i dtimpeallacht chaidrimh thionsclaíoch cobhsaí a chothabháil. Tá foráil ann sa Chomhaontú, atá á mhaoirsiú ag Bord Réiteach neamhspleách um Dhíospóidí Inmheánacha (IDRB), do mhéaduithe bliantúla pá ar bhearta táirgiúlachta agus ar chomhoibriú le tionscnaimh bhainistíochta athraithe.

Tá plean aisghabhála pinsin, curtha i bhfeidhm i 2011, d'fhonn an easnamh caighdeánaithe maoinithe ar an íosmhéid a dhíchur sna scéimeanna pinsean sochair shainithe faoi 2018, fós ar an mbóthar ceart. Ina theannta sin, tháinig feabhas suntasach ar shuíomh caighdeáin mhaoinithe na scéimeanna pinsin sa chuid dheireanach de 2017 tacaithe ag na méaduithe fabhracha i torthaí banna agus torthaí maithe ar

mhargaí cothromais. Beidh an dúshlán maidir le cúlchiste riosca idir €40- €50 milliún a mhaoiniú ó Eanáir 2019 anois mar thosaíocht agus leanfaidh an bhainistíocht ag plé le hionadaithe na foirne maidir leis an an mbealach is fearr chun tosaigh.

Ba bhliain ghnóthach í 2017 maidir le hoiliúint agus le forbairt le go leor clár curtha ar fáil don bhainistíocht agus don fhoireann. Ina theannta sin, tugadh isteach cláir oiliúna ar-líne ar chosaint sonraí agus ar chibearshlándáil.

Tháinig méadú ar líon na foirne i 2017 le líon 666 ar an meán. Bhí earcaíocht gníomhach ar fud na n-aonad gnó go léir agus cuireadh tús le rang nua rialaitheoirí aerthráchta faoi oiliúint i 2017.

Fuair an IAA dámhachtain le gradam ó Eagraíocht Náisiúnta Sábháilteachta na hÉireann ag a hoíche dámhachtainí bliantúil 2017. Is é seo an dara bliain as a chéile go bhfuil aitheantas tugtha don IAA as ucht a shármhaitheas i mbainistíocht sábháilteachta gairme.

## Tacaíocht Tionscail

Lean an IAA lena páirt a ghlacadh i dtionscal na heitlíochta a chur chun cinn in Éirinn trína urraíocht a dhéanamh ar thaispeántas aeir Bhré agus Fhainge. Thug sé urraíocht freisin do bhál ceiliúrtha eitlíochta a thacaigh le Fondúireacht Eitilte Stairiúla na hÉireann (IHFF). Bhí an-rath ar na himeachtaí.

Le linn na bliana thacaigh an IAA don chéad Chomhdháil Fhóram Náisiúnta um Fhorbairt na hEitlíochta Sibhialta . Thug an IAA tacaíocht do chur i bhfeidhm codanna móra den Bheartas Náisiúnta Eitlíochta.

## Eile

### Brexit


Beidh impleachtaí suntasacha ag Brexit do sheirbhísí eitlíochta agus aerloingseoireachta. Tá an t-éiginnteacht reatha maidir le Brexit ina cúis imní don IAA agus don tionscail eitlíochta i gcoitinne in Éirinn. Tá dlúthchaidreamh idir Éirinn agus an Ríocht Aontaithe i gcomhordú agus i soláthar seirbhísí aerloingseoireachta agus i rialáil eitlíochta sibhialta, agus caithfear aghaidh a thabhairt ar an dá rud. D'fhéadfadh moilliú geilleagrach de thoradh Brexit tionchar a imirt ar leibhéil fáis aerthráchta. Tá imní ann mura mbeadh comhaontuithe aerthráchta nua idir an Ríocht Aontaithe agus an AE, go bhféadfadh tionchar a bheith aige sin ar nascacht aerthráchta na hÉireann, agus go bhféadfaí méadú teacht ar an ualach rialála má bhíonn caighdeáin rialála difriúla idir an AE agus an Ríocht Aontaithe.

Mar atá luaite cheana féin, ní mór todhchaí ár gcaidreamh FAB leis an Ríocht Aontaithe a réiteach freisin. Déantar mionmhonatóireacht ar na réimsí seo go léir.

## Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gCathaoirleach, Anne Nolan, agus don bhord as a dtacaíocht le linn na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Uasal Graham Doyle, Ard-Rúnaí, agus leis an Uasal Fintan Towey, Rúnaí Cúnta, agus a bhfoireann ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt as a gcúnamh i gcaitheamh na bliana.

Ar deireadh, ár bhfostaithe, ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh as an ról tábhachtach gach duine chun ár n-éachtaí a bhaint amach in 2017. Táimid ag tnúth le 2018 agus fios againn gurb is cuma cad iad na dúshláin, mar gur féidir linn, mar fhoireann, an rath céanna a bhaint amach don IAA is atá bainte amach go dtí seo.



**Peter Kearney**
Príomhfheidhmeannach Ainmnithe

# Stiúrthóirí agus faisnéis eile

## STIÚRTHÓIRÍ

Anne Nolan Uas. *(Cathaoirleach)*
Marie Bradley Uas.
An tUas. Ernie Donnelly
An tUas. Pascal Fitzgerald
An tUas. Basil Geoghegan
An tUas. Michael Norton
An tUas. Geoffrey O'Byrne-White

## RÚNAÍ

Aideen Gahan Uas.

## INIÚCHÓIR

**KPMG**
Cuntasóirí Cairte
1 Plás an Stócaigh
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

## OIFIG CHLÁRAITHE

**Foirgneamh Times**
11-12 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2

**T** +353-1-671 8655
**F** +353-1-679 2934
**W** www.iaa.ie

## UIMHIR CHLÁRAITHE

211082

## BAINCÉIRÍ

**AIB, p.l.c.**
40/41 Sráid Westmoreland,
Baile Átha Cliath 2

**Banc na hÉireann**
2 Plaza Burlington
Bóthar Burlington
Baile Átha Cliath 4

**Danske Bank**
3 Plás Mháistir an Chuain
IFSC, Baile Átha Cliath 1

## BAINISTÍOCHT SHINSEARACH

Peter Kearney
*Príomhfheidhmeannach Ainmnithe*

Gerald Caffrey
*Ceann Gníomhach um Ghnóthaí Corparáideacha*

Anthony Eiffe
*Iniúchadh Inmheánach*

Aideen Gahan
*Rúnaí Comhlachta*

Billy Hann
*Stiúrthóir Gníomhach Oibríochtaí agus Straitéis BAT*

Maeve Hogan
*Stiúrthóir Airgeadais*

Philip Hughes
*Stiúrthóir Teicneolaíocht agus Oiliúint*

Ralph James
*Stiúrthóir Sábháilteachta agus Rialála Slándála*

Brendan Mulligan
*Stiúrthóir Acmhainní Daonna*

### Freastal ar Chruinnithe Boird agus Coistí 2017

| STIÚRTHÓIRÍ | Cruinnithe boird ar freastalaíodh orthu | Uaslíon na gcruinnithe boird a raibh an stiúrthóir in ann freastal orthu | Cruinnithe coistí ar freastalaíodh orthu | Uaslíon na gcruinnithe Coistí a raibh an stiúrthóir in ann freastal orthu |
|---|---|---|---|---|
| **Anne Nolan Uas.** Cathaoirleach | 8 | 8 | 2 | 2 |
| **An tUas. Eamonn Brennan** Iar-Phríomhfheidhmeannach | 6 | 8 | - | 1 |
| **Marie Bradley Uas.** | 8 | 8 | 4 | 4 |
| **An tUas. Ernie Donnelly** | 8 | 8 | 3 | 3 |
| **An tUas. Pascal Fitzgerald** | 7 | 8 | 4 | 4 |
| **An tUas. Basil Geoghegan** | 7 | 8 | 2 | 2 |
| **An tUas. Michael Norton** | 8 | 8 | 3 | 3 |
| **An tUas. Geoffrey O'Byrne-White** | 7 | 8 | 4 | 5 |
| **An tUas. Kevin O'Driscoll** | 5 | 5 | 2 | 2 |

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil mar aon le ráitis airgeadais chomhdhlúite agus airgeadais chuideachtaí Údarás Eitlíochta na hÉireann ("an IAA", "an Chuideachta") agus a fhochuideachta (ar a dtugtar "an Grúpa" ar an gCuideachta agus an fochuideachta a bheith le chéile) i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017.

## Príomhghníomhaíochtaí, rioscaí agus neamhchinnteachtaí, torthaí airgeadais agus díbhinní

Tá an IAA tiomanta do sheirbhísí aerloingseoireachta agus rialála atá sábháilte, éifeachtach agus costas-éifeachtúil agus a chomhlíonann riachtanais a chustaiméirí a sholáthar ar bhonn tráchtála fónta. Tá an fhaisnéis a éilítear in Alt 327 d'Acht na gCuideachtaí 2014 – athbhreithniú ar ghnó na cuideachta – ar áireamh i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh.

Tá sonraí faoi thorthaí airgeadais an IAA don bhliain leagtha amach sa chuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais ar leathanach 28 agus sna nótaí gaolmhara. Mar atá tuairiscithe ansin, bhain sé brabús €26.3 milliún *(2016: €32.1 milliún)* amach ó láimhdeachas €193.4 milliún *(2016: €191.9 milliún)* don bhliain airgeadais. Le linn na bliana, d'fhógair an IAA díbhinn deiridh €9.2 milliún (€0.52 sa scair) le haghaidh na bliana oscaí 2016 *(2016: €7.4 milliún - (€0.42 sa scair))* agus d'íoc sé an díbhinn ina dhiaidh sin.

Agus faireachán á dhéanamh acu ar fheidhmíocht an IAA, tá aird ag na stiúrthóirí agus ag an lucht bainistíochta ar raon príomhtháscairí feidhmíochta, mar atá leagtha amach i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh. Is iad seo a leanas na táscairí is suntasaí díobh:

| | Grúpa agus Cuideachta | |
|---|---|---|
| **Príomhtháscairí feidhmíochta** | **2017 Uimhir** | **2016 Uimhir** |
| Traseitiltí en route | **343,977** | 341,082 |
| Trácht Críochfoirt Tráchtála | **255,019** | 246,816 |
| Eitiltí Cumarsáide an Atlantaigh Thuaidh | **500,684** | 476,790 |

Tá fís an IAA bunaithe ar shé eochair-réimse toraidh a bhrúnn a chuspóirí chun cinn ina obair laethúil - rialáil sábháilteachta, sábháilteacht bainistíochta aerthráchta (ATM), slándáil, sármhaitheas seirbhíse, airgeadas, agus caidreamh le páirtithe leasmhara agus custaiméirí. Áirítear iad seo a leanas leis na príomhrioscaí agus leis na príomh-neamhchinnteachtaí atá ag bagairt ar fhorbairt an IAA amach anseo:

- caighdeáin sábháilteachta a choinneáil ar bun agus a fheabhsú
- rialacháin an Aerspáis Eorpaigh Aonair a chomhlíonadh agus ardchaighdeáin seirbhíse a choinneáil ar bun ag an am céanna
- deighilt na bhfeidhmeanna rialála slándála agus soláthair seirbhísí
- drochdhálaí geilleagracha agus margaidh
- éifeacht Brexit ar rialachán agus ar Single European Sky
- mórspleáchas an IAA ar a bhonneagar TF agus cumarsáide.

Tá raon straitéisí forbartha ag na stiúrthóirí chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus le rioscaí eile atá os comhair an IAA. Sa rannán rialachais chorparáidigh de thuarascáil na stiúrthóirí, ar leathanaigh 17 go 22, leagtar amach beartais an IAA agus a chur chuige maidir le rioscaí, mar aon le nósanna imeachta agus freagrachtaí a bhaineann le rialú inmheánach.

## Stiúrthóirí

Tá ainmneacha na stiúrthóirí a d'fhóin ar an mbord le linn na bliana leagtha amach ar leathanach 15. Ach amháin sna cásanna atá leagtha amach thíos, d'fhóin siad ar feadh na bliana ar fad. Chuaigh téarma oifge an Uas. Basil Geoghegan in éag agus athcheapadh é chuig an mbord an 20 Bealtaine 2017. Chuaigh téarma oifge an Uas. Kevin O'Driscoll in éag agus athcheapadh é chuig an mbord an 16 Meán Fómhair 2017. D'éirigh an tUas. Eamonn Brennan as an mbord an 13 Nollaig 2017.

## Leasanna na stiúrthóirí agus an rúnaí

Na stiúrthóirí agus an rúnaí a bhí i seilbh oifige ag an 31 Nollaig 2017, ní raibh aon leasanna i scaireanna an IAA acu i dtosach na bliana, ag an dáta ar ceapadh iad (má cheapadh iad ina dhiaidh sin) ná ag deireadh na bliana. Is é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheapann stiúrthóirí an IAA. Beidh siad i seilbh oifige ar feadh cibé téarma a shonróidh an tAire agus an ceapachán á dhéanamh aige. Beidh siad i seilbh oi ge ar feadh tréimhse nach mó ná ceithre bliana, ach amháin sa chás go ndéanfaidh an tAire iad a athcheapadh ina dhiaidh sin.

## Rialachas corparáideach

Tá na stiúrthóirí tiomanta do na caighdeáinis airde rialachais chorparáidigh a choinneáil. Maidir leis an mbliain atá faoi athbhreithniú, rinne an IAA, i gcomhthéacs a gcuspóirí rialachais, an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, a eisíodh i Lúnasa 2016 a chomhlíonadh. Tá bearta iomchuí curtha i bhfeidhm ag an IAA chun an Cód seo a chomhlíonadh agus déanann sé athbhreithniú leanúnach ar a bheartais agus ar a nósanna imeachta chun comhlíonadh leanúnach a chinntiú. Cuireadh tuarascáil ar chomhlíonadh an Chóid faoi bhráid Choiste Iniúchta agus Riosca.

Déanann an tuarascáil seo cur síos ar an gcaoi a gcuirtear na prionsabail ábhartha maidir le dea-rialachas corparáideach, atá leagtha amach i gCód Cleachtais 2016 do Rialachas Comhlachtaí Stáit, i bhfeidhm.

### An Bord

Tá an bord freagrach as an IAA a bhainistiú i gceart. Déanann sé na mórchinntí straitéiseacha agus coinníonn sé rialú iomlán éifeachtach. Ag an am céanna, tugann sé dóthain solúbthachta don phríomhfheidhmeannach agus dá fhoireann bhainistíochta sinsearaí chun an gnó a reáchtáil ar bhealach éifeachtúil éifeachtach laistigh de chreat láraithe tuairiscithe.

Tá an bord comhdhéanta de sheachtar stiúrthóirí. Is é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheapann iad. Beidh na stiúrthóirí i seilbh oifige ar feadh cibé téarma a shonróidh an tAire agus an ceapachán á dhéanamh aige. Beidh siad i seilbh oi ge ar feadh tréimhse nach mó ná ceithre bliana, ach amháin sa chás go ndéanfaidh an tAire iad a athcheapadh ina dhiaidh sin ach Rinne an bord machnamh ar stiúrthóir aonair a ainmniú mar stiúrthóir neamhspleách sinsearach. ag féachaint don chaoi ina cheaptar stiúrthóirí, áfach, tháinig sé ar an tuairim nach cuí déanamh amhlaidh.

Nuair a cheaptar iad, glacann gach stiúrthóir nua páirt i gcúrsa ionduchtaithe, áit a bhfaigheann siad faisnéis airgeadais agus faisnéis eile faoin IAA agus faoin ról atá ag an mbord agus ag coistí boird. Is éard atá i gceist leis an bpróiseas sin de ghnáth ná cruinnithe le príomhfheidhmeannaigh shinsearacha.

Chuir an bord míreanna áirithe ar leataobh dá athbhreithniú, lena n-áirítear na míreanna seo a leanas: maoirseachta sábháilteachta agus slándála; na ráitis airgeadais bhliantúla agus leathbhliantúla a fhormheas; buiséid; an plean corparáideach; cuntais bhainistíochta; mórchonarthaí; mórchaiteachas caipitil; agus bainisteoirí sinsearacha a cheapadh.

## Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

Tionóltar cruinnithe rialta an bhoird le linn na bliana. Thionóil an bord ocht gcruinniú sa bhliain 2017. Freastalaíodh ar na cruinnithe sin mar seo a leanas:

| | Dáta Ceapacháin (*nó athcheapacháin) | Cruinnithe Boird ar Freastalaíodh Orthu | Uaslíon na gcruinnithe boird a raibh an stiúrthóir in ann freastal orthu |
|---|---|---|---|
| Anne Nolan, *Cathaoirleach* | 13 Meitheamh 2014 | 8 | 8 |
| Eamonn Brennan, *Iar-Phríomhfheimeannach* | D'éirigh sé as le linn na bliana | 6 | 8 |
| Marie Bradley | 13 Meitheamh 2014 | 8 | 8 |
| Ernie Donnelly | 24 Deireadh Fómhair 2016 | 8 | 8 |
| Pascal Fitzgerald | 1 Lénasa 2014 | 7 | 8 |
| Basil Geoghegan | 20 Bealtaine 2017* | 7 | 8 |
| Michael Norton | 6 Deireadh Fómhair 2015 | 8 | 8 |
| Geoffrey O'Byrne-White | 23 Aibreán 2015 | 7 | 8 |
| Kevin O'Driscoll | D'éirigh as le linn na bliana | 5 | 5 |

### Éifeachtúileacht an Bhoird

Stiúrann an cathaoirleach an bord maidir lena straitéis a chinneadh agus lena chuspóirí a bhaint amach. Cinneann an cathaoirleach clár oibre an bhoird, rud a chinntíonn a éifeachtacht, agus éascaíonn sé an rannchuidiú éifeachtach ó gach stiúrthóir. Baintear leas as scileanna, as saineolas agus as taithí ar leith an bhoird trí na tacair scileanna sin a mheaitseáil le breithniú an bhoird ar shaincheisteanna straitéiseacha agus oibriúcháin, mar a gcuireann comhaltaí aonair den bhord a n-inniúlachtaí ar leith ar fáil. Déantar iad a mheaitseáil freisin le ceanglais gach coiste boird agus leis na comhaltaí de na coistí sin a chinneadh.

Coinníonn an cathaoirleach agus an lucht bainistíochta cumarsáid éifeachtach ar bun le scairshealbhóirí. Is ar leithligh ó chéile atá ról an chathaoirligh agus ról an phríomhfheidhmeannaigh agus bíonn siad leagtha amach i mbeartas faofa ag an mbord. Tá gach ceann de na stiúrthóirí neamh-fheidhmeannacha neamhspleách ar an mbainistíocht.
Le linn na tréimhse a chaitheann siad san oi g, soláthraítear do na stiúrthóirí faisnéis rialta faoi gach gné den ghnó. Tuairiscíonn an príomhfheidhmeannach don bhord, ar son na bainistíochta, ar mhórathruithe sa ghnó agus ar an timpeallacht seachtrach a bhfuil tionchar aici ar rioscaí suntasacha. Tugann an stiúrthóir airgeadais faisnéis mhíosúil airgeadais don bhord. Scaiptear tuarascálacha agus páipéir go tráthúil ar an mbord agus ar a chuid coistí.

Tá rochtain ag comhaltaí den bhord ar chomhairle agus ar sheirbhísí rúnaí na cuideachta, atá freagrach don bhord as a chinntiú go leantar nósanna imeachta an bhoird agus go gcloítear le rialacha agus le rialacháin is infheidhme.Tá comhairleoirí gairmiúla an IAA ar fáil le haghaidh comhairle a chur ar na stiúrthóirí, de réir mar is gá. Féadfaidh stiúrthóirí aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil, más gá, ar chostas an IAA.

D'fhaomh an Bord cód iompair don bhord agus d'fhostaithe IAA araon agus tá sé seo ar fáil ar shuíomh gréasáin an Chomhlachta. Tá beartas coimhlinte leasa curtha i bhfeidhm ag an mbord agus déanann sé coimhlintí leasa iarmhíre agus féideartha a athbhreithniú ar bhonn leanúnach.

Thug an bord faoi mheastóireacht deireadh bliana ar a fheidhmíocht, rud a thomhais sé de réir a

chuspóirí straitéiseacha, ag déanamh measúnú ar a a chuid éachtaí agus ag sainaithint réimsí ina bhféadfadh an bord a obair pleanála nó a nósanna imeachta a fheabhsú. Rinne an bord breithniú ar phróiseas níos foirmiúla a úsáid chun meastóireacht a dhéanamh ar stiúrthóirí aonair, lena n-áirítear éascaitheoir seachtrach a cheapadh ach mar gheall ar an gcaoi ina gceaptar stiúrthóirí, , tháinig sé don tuairim nach mbeadh sé oiriúnach meastóireacht den sórt sin a dhéanamh ag an am seo.

Úsáideann an bord ceithre choiste chun cabhrú leis a fhreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach, is iad sin:

1 An coiste iniúchóireachta agus riosca
2 An coiste airgeadais
3 An coiste pearsanra, ceapachán agus luacha saothair
4 An coiste pleanála infheistíochta

### *An coiste iniúchóireachta agus riosca*

Oibríonn an coiste iniúchóireachta faoi théarmaí tagartha foirmiúla, a ndearnadh athbhreithniú orthu le linn na bliana. Thionóil an coiste ceithre chruinniú le linn na bliana 2017 *(ceithre cinn in 2016)* a raibh Ms Marie Bradley ina Cathaoirleach orthu. I measc bhaill an choiste tá an tUas. Pascal Fitzgerald agus an tUas. Geoffrey O'Byrne-White.

De ghnáth, freastalaíonn an stiúrthóir airgeadais, ceann an iniúchóireachta inmheánaí, chomh maith le hionadaithe ó oibríochtaí, ó acmhainní daonna, ó theicneolaíocht na faisnéise, ó árachas, ó shláinte agus sábháilteachta agus ón lucht dlí agus comhlíonta, trí chuireadh de réir mar is cuí, ar an gcruinniú. Tuairiscíonn an t-iniúchóir inmheánach go díreach don choiste iniúchóireachta agus riosca.
Féadfaidh an coiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ábhair eile a bhaineann le gnóthaí an IAA, seachas ábhair shábháilteachta agus shlándála atá teoranta don bhord. Déanann sé athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla, ar thuarascálacha an iniúchóra inmheánaigh, ar thuarascálacha an iniúchóra sheachtaigh ar na beartais chuntasaíochta, ar athruithe beartaithe ar na beartais chuntasaíochta, ar chomhlíonadh na gcaighdeán cuntasaíochta, ar na himpleachtaí cuntasaíochta a bhaineann le hidirbhearta móra agus ar cheapadh agus ar tháillí an iniúchóra sheachtraigh. Déanann sé athbhreithniú ar straitéis bhainistíochta riosca agus ar phróisis rialaithe an IAA agus measann sé:

- acmhainní agus comhordú na ndaoine sin a bhfuil baint acu le sainaithint, le measúnú agus le bainistiú ar na rioscaí suntasacha atá roimh an IAA
- an chaoi lena ndéileáiltear leis na rioscaí suntasacha arna sainaithint ag an lucht bainistíochta agus ag daoine eile
- faireachán a dhéanamh ar thuarascálacha ón lucht bainistíochta
- timpeallacht rialaithe atá dírithe ar rioscaí a bhainistiú i gceart a choinneáil ar bun
- nósanna imeachta bliantúla tuairiscithe.

Buaileann an t-iniúchóir seachtrach leis an gcoiste chun iniúchadh bliantúil ráitis airgeadais an Ghrúpa a phleanáil agus ansin chun athbhreithniú a dhéanamh ar a thorthaí. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm a chinntíonn caidreamh cuí leis an iniúchóir seachtrach. Le linn na bliana, bhuail an coiste go príobháideach leis an iniúchóir seachtrach gan an bhainistíocht a bheith i láthair. Déanann an coiste iniúchóireachta breithniú ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí seachtracha ar bhonn bliantúil agus tá beartas glactha aige a rialaíonn soláthar seirbhísí neamhiniúchta a chuireann an t-iniúchóir seachtrach ar fáil . Tríd an mbeartas seo déantar machnamh ar chineál agus ar raon na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus ar na táillí atá tuillte d'obair iniúchta agus neamh-iniúchta. Tá na táillí sin leagtha amach i nóta 6 sna ráitis airgeadais. Níor tháinig aon cheist chun cinn i rith na bliana.

Le linn na bliana, chuir an coiste iniúchta agus riosca meastóireacht féinmheasúnaithe ar a fheidhmíocht i gcrích. Tuairiscíonn an coiste iniúchóireachta don bhord ar bhonn bliantúil agus ráithiúil, nó ar bhonn níos minice nuair a bhíonn gá leis.

## Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

Le linn 2017, rinne an coiste iniúchta agus riosca athbhreithniú ar:

- Déanann an dréacht-ráitis airgeadais 2016 sula mholadh sé don bhord iad a cheadú
- tuarascáil ón iniúchóir seachtrach ar a iniúchadh ar na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016
- táillí iniúchta agus táillí neamh-iniúchta atá iníoctha leis an iniúchóir seachtrach
- clár riosca corparáideach 2017-2018 lena n-áirítear na príomhrioscaí don ghnó agus breithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht an chórais um aithint agus um mheasúnú riosca
- éifeachtacht na rialuithe airgeadais, oibríochta agus comhlíonta agus próisis bhainistíochta riosca
- Tuarascálacha iniúchta inmheánacha do 2017 agus plean iniúchta inmheánaigh do 2018
- plean iniúchta seachtraigh 2017 lena n-áirítear raon feidhme an iniúchta
- dréacht-ráitis airgeadais go dtí an 30 Meitheamh 2017
- An beartas agus an próiseas atá i bhfeidhm maidir le ráiteas comhlíonta na stiúrthóirí
- Comhlíonadh Chód Cleachtais 2016 do Rialachas Comhlachtaí Stáit
- a téarmaí tagartha féin.

### *An Coiste Airgeadais*

Oibríonn an coiste airgeadais faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus tháinig sé le chéile uair amháin sa bhliain *(uair amháin in 2016)*. Bhí an tUasal Basil Geoghegan ina chathaoirleach ar an gcoiste. Tá an tUasal Anne Nolan ina ball den choiste agus ba bhall é an tUasal Eamonn Brennan go dtí dtí gur éirigh sé as oifig an 13 Nollaig 2017.

Féadfaidh an coiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon cheist a bhaineann le bainistíocht airgeadais an IAA. Déanann sé athbhreithniú ar na buiséid bhliantúla chaipitil agus oibriúcháin, ar an mbeartas ciste, agus ar shocruithe árachais, bancála agus airgeadais. Tuairiscíonn sé don bhord i ndiaidh a chruinnithe.

### *An coiste pearsanra, ceapachán agus luach saothair*

Oibríonn an coiste pearsanra, ceapachán agus luacha saothair faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus tháinig sé le chéile ar ócáid amháin *(dhá ócáid in 2016)* le linn na bliana. Tá an tUasal Anne Nolan ina Cathaoirleach ar an gcoiste agus is iad an tUasal Basil Geoghegan agus an tUasal Geoffrey O'Byrne-White na comhaltaí eile. Cinneann agus faomhann an coiste luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh agus na bainistíochta shinsearaigh tar éis comhairle neamhspleách a lorg ó chomhairleoir luacha saothair, nach raibh aon nasc eile aige leis an IAA. Faomhann an coiste ceapacháin don lucht bainistíochta sinsearaí freisin.

### *Coiste pleanála infheistíochta*

Feidhmíonn an coiste pleanála infheistíochta faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus bhuail sé le chéile trí huaire *(2016: trí huaire)* i gcaitheamh na bliana. Tá an tUasal Michael Norton ina chathaoirleach ar an gcoiste. Is ball den choiste é an tUasal Ernie Donnelly. Bhí an tUasal Kevin O'Driscoll ina bhall suas go dtí an dáta a scoir an 16 Meán Fómhair 2017.

le Measann an coiste straitéis an IAA maidir le hinfheistíocht chaipitiúil agus caiteachas gaolmhar. Tuairiscíonn sé don bhord tar éis a chruinnithe.

### *Rialú inmheánach*

Tá an bord freagrach ar deireadh thiar as córas rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa agus as monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtúlacht. Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun an riosca a bhaineann le cuspóirí gnó a bhaint amach a bhainistiú, seachas é a chosc, agus ní féidir leis ach dearbhú réasúnta, agus ní deimhniú leithliseach, a thabhairt i leith míráiteas nó caillteanas ábhartha.

Cuimsíonn córas rialaithe inmheánaigh an IAA na rialuithe sin a bunaíodh chun dearbhú réasúnta a thabhairt maidir le cosaint sócmhainní agus cothabháil taifead cuntasaíochta cuí agus faisnéis iontaofa airgeadais lena n-úsáid laistigh den ghnó

nó le haghaidh foilsithe. Tá athbhreithniú déanta ag an mbord, cibé acu go díreach nó tríd an gcoiste iniúchta agus riosca, ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh a chuimsíonn rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus córais bhainistíochta riosca. Rinneadh an t-athbhreithniú seo ar an 23 Márta 2018 agus tá sé éifeachtach suas go dtí dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais.

Tá creat rialaithe inmheánach láidir ag an IAA lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- coistí bord a bhfuil téarmaí tagartha atá sainithe go soiléir acu
- sceideal saincheisteanna atá forchoimeádta ag an mbord
- cód iompair, faofa ag an mbord, a thugann treoir phraiticiúil don fhoireann ar fad
- struchtúr eagrúcháin atá sainmhínithe go soiléir a bhfuil deighilt chuí dualgas agus teorainneacha údaráis aige
- freagrachtaí atá sainithe go soiléir agus foireann cháilithe cuí a chomhlíonann na dualgais seo
- creat bainistíochta riosca corparáideach
- teorainneacha agus nósanna imeachta atá sainithe go soiléir maidir le caiteachas airgeadais lena n-áirítear soláthar agus caiteachas caipitiúil
- córas cuimsitheach tuairiscithe airgeadais, cuntasaíochta, bainistíocht cistíochta agus measúnú tionscadail
- córais chuimsitheacha buiséadaithe agus buiséid bhliantúla faofa ag an mbord
- próiseas pleanála cuimsitheach a sholáthraíonn plean corparáide cúig bliana, arna athbhreithniú ag an scairshealbhóir agus a fhaomhann an bord
- monatóireacht ar fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid le buiséid agus tuairisciú ar éagsúlachtaí don bhord ar bhonn míosúil
- feidhm iniúchta inmheánaigh a dhéanann athbhreithniú ar phríomhchórais airgeadais agus ar rialuithe agus ar oibríochtaí ginearálta agus a dhéanann sé moltaí, más cuí
- coiste iniúchta agus riosca a fhaomhann pleananna iniúchta agus a dhéileálann le saincheisteanna rialaithe suntasacha a eascraíonn ó iniúchadh inmheánach nó seachtrach agus a dhéanann athbhreithniú agus moltaí do ráitis airgeadais deireadh na bliana lena bhfaomhadh ag an mboird
- beartas chun maoirsiú a dhéanamh ar fhochuideachta lánúinéireacht an IAA
- beartais agus nósanna imeachta maidir le gníomhaíochtaí calaoiseacha amhrasacha a thuairisciú agus a réiteach.

Rinneadh iniúchadh inmheánach na rialuithe seo a athbhreithniú i rith na bliana mar chuid dá chlár oibre bliantúil. Tuairiscíonn iniúchadh inmheánach go díreach don gcoiste iniúchta agus riosca maidir le hoibriú rialuithe inmheánacha, seachas ar rialuithe maoirseachta sábháilteachta agus slándála atá forchoimeádta don bhord, agus déanann sé moltaí le haghaidh feabhsuithe, más cuí.
Deimhníonn an bord go bhfuil próiseas ann chun rioscaí a aithint agus a bhainistiú agus go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh cuí i bhfeidhm agus gur fheidhmígh na córais sin go héifeachtach sa bhliain, go dtí dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais. Níor aithníodh laigí nó calaoisí ábhartha le linn an athbhreithnithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

### *Bainistíocht Riosca*

Tá freagracht iomlán ag an mBord as cur chuige an Ghrúpa maidir le riosca. Ceadaíonn sé an creat bainistíochta riosca agus déanann sé monatóireacht ar a éifeachtacht tríd an gcoiste iniúchta agus riosca agus go díreach tríd an mbord.
Tá próiseas leanúnach ann chun na rioscaí suntasacha don IAA a aithint, chun iad a mheas agus a bhainistiú. Déanann bord an próiseas seo a athbhreithniú go rialta agus bhí sé i bhfeidhm don bhliain atá faoi athbhreithniú agus suas go dtí dáta fhaomhadh na tuarascála bliantúla agus na ráitis airgeadais.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

Rinneadh an bord athbhreithniú agus nuashonrú ar an bpróiseas chun na rioscaí suntasacha a bhaineann leis an ngnó agus ar na polasaithe agus na nósanna imeachta trína ndéantar na rioscaí seo a bhainistiú a agus a nuashonrú. Tá an bhainistíocht freagrach as rioscaí suntasacha gnó a aithint agus a mheas agus as rialuithe inmheánacha oiriúnacha a cheapadh agus a oibriú. Déantar measúnú ar na rioscaí seo ar bhonn leanúnach agus d'fhéadfadh go mbeadh baint acu le foinsí éagsúla inmheánacha nó seachtracha, lena n-áirítear cliseadh ar rialú, cur isteach ar chórais faisnéise, iomaíocht, tubaistí nádúrtha agus ceanglais rialála. Tuairiscíonn an bhainistíocht go rialta don bhord ar na príomhrioscaí a bhaineann leis an ngnó agus ar an gcaoi a ndéantar na rioscaí seo a bhainistiú.

Tá próiseas ceardlanna riosca corparáidigh agus athbhreithnithe bunaithe a éascaíonn rian cuntasachta taifeadta agus in-iniúctha. Tá na nósanna imeachta seo ábhartha ar fud oibríochtaí an IAA agus tugann siad dearbhuithe comhleanúnacha de réir a chéile ag leibhéil shinsearacha bhainistíochta agus, ar deireadh, ag an mbord. Déanann an t-iniúchadh inmheánach éascú ar an bpróiseas seo, rud a sholáthraíonn méid áirithe dearbhaithe maidir le hoibríocht agus le bailíocht an chórais rialaithe inmheánaigh. Déantar monatóireacht neamhspleách ar ghníomhartha ceartaitheacha pleanáilte d'fhonn iad a chur i gcrích go tráthúil.

Tuairiscíonn bainistíocht go rialta maidir lena hathbhreithniú ar rioscaí, agus conas a dhéantar iad a bhainistiú, chuig an gcoiste iniúchta agus riosca, a bhfuil sé mar ról aige athbhreithniú a dhéanamh, thar ceann an bhoird, ar na príomhrioscaí, seachas maoirseacht sábháilteachta agus slándála, a bhaineann leis an ngnó agus ar an gcóras rialaithe a theastaíonn chun na rioscaí sin a bhainistiú , agus a gcuid torthaí a chur faoi bhráid an bhoird. Déanann an t-iniúchadh inmheánach athbhreithniú neamhspleách ar na nósanna imeachta um aithint riosca agus ar phróisis rialaithe atá curtha i bhfeidhm ag an mbainistíocht, agus tuairiscíonn sé don choiste iniúchta agus riosca gach ráithe.

Déanann an coiste iniúchta agus riosca athbhreithniú ar na nósanna imeachta dearbhaithe lena chinntiú go mbaintear úsáid as meascán cuí teicnící chun an leibhéal dearbhaithe a theastaíonn ón mbord a bhaint amach. Cuireann an coiste iniúchóireachta agus riosca a thorthaí faoi bhráid an bhoird ar bhonn bliantúil agus go ráithiúil nó níos minice más gá sin.

### *Luach Saothair*

Is é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chinnfidh luach saothair do stiúrthóirí. D'fhaomh an Coiste Pearsanra, Ceapacháin agus Luach Saothair luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh, a bhfuil conradh seirbhíse aige, agus bhí cuid den luach saothair sin bunaithe ar fheidhmíocht agus, sa chaoi seo, bhí sé nasctha le cuspóirí an IAA agus cuspóirí an duine aonair. Leagtar amach na nochtuithe a rinneadh sna ráitis airgeadais seo a bhaineann le táillí agus díolaíochtaí stiúrthóirí i nóta 6 agus is iad siúd atá ag teastáil faoi Acht na gCuideachtaí 2014 agus Cód Cleachtais 2016 do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

### *Tuairisciú gnó agus airgeadais*

Aithníonn an bord go bhfuil sé freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa ag deireadh na bliana. Tuairiscíonn an Cathaoirleach go rialta don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar gach forbairt, idir oibríochtúil, airgeadais agus tráchtála lena mbíonn impleachtaí ann don IAA.

Tá foráil i gCód Cleachtais 2016 do Rialachas Comhlachtaí Stáit d'fhaisnéis airgeadais shonrach a nochtadh. In 2017, thabhaigh an IAA costais taistil agus cothaithe €2.0 milliún, roinnte idir costais taistil agus cothabhála intíre €0.9 milliún agus costais taistil agus cothabhála idirnáisiúnta €1.1 milliún, costais leasa foirne €0.1 milliún agus costais chomhairliúcháin €0.3 milliún. Tá an fhaisnéis seo luaite go réasúnta sna poncanna ábhartha uile.

## Gnóthas leantach

Creideann na stiúrthóirí, tar éis fiosrúcháin a dhéanamh, go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta chun dul ar aghaidh don am atá le teacht agus go bhfuil sé cuí leanúint ar aghaidh le glacadh le bonn an ngnóthas leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige.

## Taifid chuntasaíochta

Creideann na stiúrthóirí go gcomhlíon siad ceanglais Alt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil trí phearsanra cuntasaíochta a bhfuil saineolas cuí a fhostú agus trí acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coimeádtar taifid chuntasaíochta an Ghrúpa ag The Times Building, 11-12 Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2.

## Faisnéis iniúchta ábhartha

Creideann na stiúrthóirí gur ghlac siad gach beart is gá chun iad a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus dhearbhaigh siad go bhfuil iniúchóirí reachtúla an Ghrúpa feasach faoin eolas sin. Chomh fada agus a bhfuil a fhios acu, níl aon fhaisnéis iniúchta ábhartha ann nach bhfuil fios ag iniúchóirí reachtúla an Ghrúpa fuithi.

## Ráiteas comhlíonta na Stiúrthóirí

Aithníonn na stiúrthóirí, de réir alt 225 (2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, go bhfuil siad freagrach as comhlíonadh na Cuideachta le hoibleagáidí áirithe a shonraítear san alt sin a eascraíonn as Acht na gCuideachtaí 2014 agus dlíthe cánach ('oibleagáidí ábhartha') a chinntiú. Deimhníonn na stiúrthóirí:

- go bhfuil ráiteas beartais comhlíonta ceaptha a leagann amach beartais na Cuideachta maidir leis an gcomhlíonadh sin;
- go bhfuil socruithe agus struchtúir iomchuí, atá ina dtuairim ceaptha chun comhlíonadh ábhartha le hoibleagáidí ábhartha na Cuideachta a áirithiú curtha i bhfeidhm; agus
- go ndearnadh athbhreithniú ar na socruithe agus na struchtúir atá curtha i bhfeidhm le linn na bliana airgeadais chun comhlíonadh na Cuideachta lena oibleagáidí ábhartha a áirithiú.

## Íoc pras cuntas

Comhlíonann an IAA ceanglais na reachtaíochta um íoc pras ábhartha. Cloíonn an IAA Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2013 (I.R. Uimh. 580 de 2013)freisin.
Is iad téarmaí caighdeánacha creidmheasa an IAA, mura bhfuil a mhalairt sainithe i socruithe conartha ar leith, ná 30 lá ón sonrasc a fháil nó ó dhearbhú a fháil gur glacadh leis na hearraí nó leis na seirbhísí atá faoi réir íocaíochta. Le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2017 rinneadh a bheag nó a mhór gach íocaíocht laistigh den tréimhse chuí chreidmheasa. Déanann an IAA athbhreithniú leanúnach ar a nósanna imeachta riaracháin chun cabhrú le híoslaghdú a dhéanamh ar an am a thógtar le sonraisc a fhiosrú agus a réiteach. Tugann na nósanna imeachta sin dearbhú réasúnach, seachas dearbhú iomlán, in aghaidh neamh- chomhlíonadh ábhartha na rialachán.

## Eachtraí i ndiaidh an chláir chomhardaithe

Ar an 23 Márta 2018, mhol an bord díbhinn €19.5 milliún (€1.09 in aghaidh an scair) a íoc *(2016: €9.2 milliún (€0.52 in aghaidh an scair)).* Áirítear leis seo díbhinn speisialta €12.0 milliún (€0.67 in aghaidh an scair).

## Síntiúis pholaitiúla

Níor tugadh aon síntiúis pholaitiúil i rith na bliana a éileodh nochtadh faoin Acht Toghcháin, 1997.

## Iniúchóir

De réir Alt 383 (2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, leanfaidh an t-iniúchóir, KPMG, Cuntasóirí Cairte, ar aghaidhin oifig. Ar son an bhoird:

| **Anne Nolan** | **Marie Bradley** |
| --- | --- |
| Cathaoirleach | Stiúrthóir |

23 Márta 2018

# Ráiteas ar fhreagrachtaí stiúrthóirí

## maidir le tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuairisc na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dlí agus na rialacháin is infheidhme.

Le dlí na gcuideachtaí, éilítear ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí sin, roghnaigh siad na ráitis airgeadais ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta a ullmhú de réir FRS 102 *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann* mar a chuirtear i bhfeidhm iad i gcomhréir le forálacha Acht na gCuideachtaí 2014.

De réir dhlí na gcuideachtaí, ní ceadmhach do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil siad deimhin go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na Cuideachta agus ar a brabús nó caillteanas don bhliain sin.
Agus ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta á n-ullmhú acu, éilítear ar na stiúrthóirí:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- a lua cé acu a cloíodh nó nár cloíodh le Caighdeáin Chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais; agus
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás nach bhfuil sé cuí a thoimhdiú go leanfaidh an Chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád ina nochtar staid airgeadais na Cuideachta ag am ar bith go measartha cruinn agus ina gcuirtear ar a gcumas a áirithiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais seo Acht na gCuideachtaí 2014. Tá freagracht ghinearálta orthu as aon bheart atá ar fáil go réasúnta dóibh a dhéanamh chun sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá na stiúrthóirí freagrach freisin as tuarascáil stiúrthóirí a ullmhú a chomhlíonann ceanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

Tá na stiúrthóirí freagrach as caomhnú agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais a fholaítear ar shuíomh Gréasáin na Cuideachta. D'fhéadfadh an reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais a bheith éagsúil leis an reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an bhoird:

**Anne Nolan**
Cathaoirleach

**Marie Bradley**
Stiúrthóir

# Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách
le comhaltaí Údarás Eitlíochta na hÉireann

## 1. Tuairisc ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

### Tuairim

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais Ghrúpa agus Cuideachta Údarás Eitlíochta na hÉireann ('an Chuideachta') don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017, a chuimsíonn an cuntas brabúis agus caillteanais chomhdhlúite, ráiteas comhdhlúite agus cuideachta ar ioncam cuimsitheach eile, na cláir chomhardaithe comhdhlúite agus an chuideachta, na ráitis chomhdhlúite d'athruithe ar chothromas, an ráiteas sreabhaidh airgid chomhdhlúite agus na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear an achoimre ar bheartais chuntasaíochta suntasacha atá leagtha amach i nóta 1. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh le linn ullmhú na ráiteas ná dlí na hÉireann agus FRS 102 - *an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Is é ár dtuairim, faoi ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta:

- go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an ghrúpa agus na Cuideachta amhail an 31 Nollaig 2017 agus ar bhrabús an Ghrúpa don bhliain dar críoch an dáta sin;
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir FRS 102 - *an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*; agus
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart i gcomhréir le ceanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

### Bunús lenár dtuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (Éire) (ISAs (Éire)) agus an dlí is infheidhme. Déantar cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa rannóg: "*Freagrachtaí an Iniúchóra maidir le hIniúchadh na Ráiteas Airgeadais*" dár dtuarascáil. Táimid neamhspleách ar an nGrúpa agus ar an gCuideachta de réir na riachtanas eitice atá ábhartha maidir lenár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eitice a d'eisigh Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus chomhlíonamar ár bhfreagrachtaí eitice eile de réir na gceanglas sin.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta a bhfuiaireamar leordóthanach agus cuí chun bonn a thabhairt dár dtuairim.

### Níl aon rud againn le thuairisciú maidir le gnóthas leantach

Ní mór dúinn a thuairisciú duit má táimid den tuairim go bhfuil úsáid an ghnóthais leantaigh cuntasaíochta míchuí nó go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha neamhráite ann a d'fhéadfadh amhras mór a bheith ann maidir leis an mbonn sin a úsáid ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ó dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis seo.

### Faisnéis eile

Tá na stiúrthóirí freagrach as an fhaisnéis eile a luaitear sa Tuarascáil Bhliantúil mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis eile an fhaisnéis atá i dtuarascáil na stiúrthóirí, an ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí, ráiteas an Chathaoirligh agus athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh. Ní chuimsíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, dá réir sin, ní chuirimid tuairim iniúchta in iúl ná, ach amháin mar a luadh go sainráite thíos, aon chineál de chonclúid dearbhaithe air.

Is í an fhreagracht atá orainn an t-eolas eile a léamh agus, é sin á dhéanamh, breithiúnas a dhéanamh an bhfuil an fhaisnéis atá ann míráite nó neamhréireach go ábhartha leis na ráitis

airgeadais nó lenár n-eolas iniúchta bunaithe ar ár gcuid oibre iniúchta ráitis airgeadais. Bunaithe ar an obair sin amháin níor aithníodh míráitis ábhartha san fhaisnéis eile.

Bunaithe ar ár gcuid oibre ar an eolas eile amháin;

- níor aithníomar míráitis ábhartha i dtuarascáil na stiúrthóirí;
- inár dtuairim, tá an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais;
- inár dtuairim, ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

### Tuairimí ar chúrsaí eile atá forordaithe ag Acht na gCuideachtaí 2014

Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta.

Is é ár dtuairim go raibh taifid chuntasaíochta an Ghrúpa leordhóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Ábhair ar a gcaithfimid tuairisciú trí eisceacht

Éilíonn Acht na gCuideachtaí 2014 dúinn tuairisciú a dhéanamh leat más rud é, inár dtuairim, nach ndearnadh nochtuithe luach saothair na stiúrthóirí agus na n-idirbheart a cheanglaítear le hAilt 305 go 312 den Acht.
Níl aon ní le tuairisciú maidir leis seo.

Faoin gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 (an" Cód "), ní mór dúinn tuairisc a dhéanamh leat mura léiríonn an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá de dhíth faoin gCód, mar a chuimsítear i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 20 agus 21 comhlíonadh an Chomhlachta le mír 1.9 (iv) den Chód nó mura bhfuil sé comhsheasmhach leis an eolas atá againn ónár gcuid oibre iniúchta ar na ráitis airgeadais agus tuairiscímid mura bhfuil sé.

## 2. Freagrachtaí agus srianta úsáide faoi seach

### Freagra na stiúrthóirí as na ráitis airgeadais

Mar a mhínítear níos iomláine i ráiteas freagrachtaí na stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach 24, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus a bheith sásta go dtugann siad léargas fíor agus cothrom, agus as cibé rialú inmheánach is gá a dhéanamh de réir mar a chinnfidh siad chun ráiteas airgeadais atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid a ullmhú.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach,agus as nithe a bhaineann le gnóthas leantaigh agus a bhaineann le húsáid bhonn an ghnóthais leantaigh a nochtadh mura bhfuil sé i gceist ag na stiúrthóirí an Grúpa a leachtú nó oibríochtaí a scor, nó nuair nach bhfuil aon rogha réalaíoch acu ach sin a dhéanamh.

### Freagrachtaí an iniúchóra maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint ina n-áirítear ár dtuairim. Is éard atá i ndearbhú réasúnta ná ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht é go bhfaighidh iniúchadh a dhéantar de réir ISAs (Éire) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair atá sé ann. Is féidir le míráitis a eascairt as calaois nó as earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é go bhféadfadh siad go réasúnta tionchar a imirt ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tugtar cur síos níos iomláine ar ár bhfreagrachtaí ar shuíomh idirlín IAASA ag https://www.iaasa. ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsiblities_for_audit.pdf.

### Cuspóir ár n-oibre iniúchta agus cé dóibh a bhfuilimid freagrach

Tá ár dtuarascáil déanta do bhaill na Cuideachta amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Tugadh faoinár n-obair iniúchóireachta i dtreo is go bhféadfaimis a chur in iúl do bhaill na Cuideachta na hábhair a iarrtar orainn a shonrú dóibh i dtuarascáil an iniúchóra agus ní d'aon aidhm eile. Chomh hiomlán is atá ceadaithe ag an dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid freagracht d'aon duine, seachas an Chuideachta agus baill na Cuideachta, mar chomhlacht as ár gcuid obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí atá bainte amach againn.

Eamon Dillon
**le haghaidh agus thar ceann**
**KPMG**
**Cuntasóirí Cairte, Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla**
Plás an Stócaigh,
Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2,
Éire

23 Márta 2018

# Cuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Láimhdeachas** – gníomhaíochtaí leantacha | 2 | **193,442** | 191,921 |
| Costais oibriúcháin | 1, 20 | **(159,902)** | (152,431) |
| **Brabús oibriúcháin** – gníomhaíochtaí leantacha | | **33,540** | 39,490 |
| Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil | 4 | **11,165** | 14,453 |
| Ús iníoctha agus táillí comhchosúla | 5 | **(14,152)** | (14,893) |
| Scair brabúis an comhlaigh | 9 | **581** | 108 |
| **Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin** | 6 | **31,134** | 39,158 |
| Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí | 7 | **(4,867)** | (7,043) |
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | **26,267** | 32,115 |

# Ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach eile

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | **26,267** | 32,115 |
| **Ioncam/(caillteanas) cuimsitheach eile** | | | |
| Atomhas an ghlandliteanais sochair shainithe | 20 | **70,310** | (41,763) |
| (Dliteanas)/sócmhainn chánach iarchurtha ghaolmhar | 14 | **(8,789)** | 5,220 |
| Airgead tirim de bhreis ar chostais seirbhíse pinsin | 20 | **6,134** | 9,714 |
| Difríochtaí idir margadh airgeadraí eachtracha ar aistriú oibríochtaí eachtracha | | **(1,991)** | 845 |
| **Ioncam/(caillteanas) cuimsitheach eile don bhliain** | | **65,664** | (25,984) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **91,931** | 6,131 |

# Clár comhardaithe comhdhlúite

## ag an 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 8 | **77,181** | 79,879 |
| Sócmhainní airgeadais | 9 | **23,723** | 23,382 |
| | | **100,904** | 103,261 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | 10 | **52,337** | 69,266 |
| Taiscí gearrthéarmacha | | **186,678** | 109,997 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | **33,417** | 66,669 |
| | | **272,432** | 245,932 |
| **Creidiúnaithe:** suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 11 | **(36,814)** | (30,019) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **235,618** | 215,913 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **336,522** | 319,174 |
| **Creidiúnaithe:** suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin | 13 | **(37,155)** | (29,146) |
| **Soláthairtí do dhliteanais** | | | |
| Oibleagáidí sochar scoir | 20 | **(87,365)** | (160,709) |
| **Glansócmhainní** | | **212,002** | 129,319 |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | 15 | **22,675** | 22,675 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | **190,473** | 105,799 |
| Cúlchiste airgeadra | | **(1,146)** | 845 |
| **Cistí scairshealbhóirí – caipiteal gnáthscaireanna** | | **212,002** | 129,319 |

Thar ceann an bhoird:

**Anne Nolan**
Cathaoirleach

**Marie Bradley**
Stiúrthóir

# Clár comhardaithe na cuideachta

ag an 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 8 | **77,181** | 79,879 |
| Sócmhainní airgeadais | 9 | **15,218** | 14,573 |
| | | **92,399** | 94,452 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | 10 | **58,792** | 74,648 |
| Taiscí gearrthéarmacha | | **186,678** | 109,997 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | **32,993** | 66,663 |
| | | **278,463** | 251,308 |
| **Creidiúnaithe:** suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 11 | **(36,719)** | (29,649) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **241,744** | 221,659 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **334,143** | 316,111 |
| **Creidiúnaithe:** suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin | 13 | **(36,323)** | (28,215) |
| **Soláthairtí do dhliteanais** | | | |
| Oibleagáidí sochar scoir | 20 | **(87,365)** | (160,709) |
| **Glansócmhainní** | | **210,455** | 127,187 |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | 15 | **22,675** | 22,675 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | **187,780** | 104,512 |
| **Cistí scairshealbhóirí – caipiteal gnáthscaireanna** | | **210,455** | 127,187 |

Thar ceann an bhoird:

**Anne Nolan**
Cathaoirleach

**Marie Bradley**
Stiúrthóir

# Ráiteas comhdhlúite ar athruithe i gcothromas

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

| | Scairchaipiteal glaoite €'000 | Cuntas brabúis agus caillteanais €'000 | Cúlchistí airgeadra €'000 | Cothromas iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir 2016 | 22,675 | 107,943 | - | 130,618 |
| **Ioncam cuimsitheach** | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | 32,115 | - | 32,115 |
| Ioncam/(caillteanas) cuimsitheach eile | - | (26,829) | 845 | (25,984) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | 5,286 | 845 | 6,131 |
| **Idirbhearta le scairshealbhóirí atá aitheanta go díreach i gcothromas** | | | | |
| Díbhinní | - | (7,430) | - | (7,430) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig 2016** | **22,675** | **105,799** | **845** | **129,319** |
| | | | | |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir 2017 | 22,675 | 105,799 | 845 | 129,319 |
| **Ioncam cuimsitheach** | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | 26,267 | - | 26,267 |
| Ioncam/(caillteanas) cuimsitheach eile | - | 67,655 | (1,991) | 65,664 |
| **Ioncam/(caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | 93,922 | (1,991) | 91,931 |
| **Idirbhearta le scairshealbhóirí atá aitheanta go díreach i gcothromas** | | | | |
| Díbhinní | - | (9,248) | - | (9,248) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig 2017** | **22,675** | **190,473** | **(1,146)** | **212,002** |

# Ráiteas na cuideachta ar athruithe i gcothromas

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

| | Scairchaipiteal glaoite €'000 | Cuntas brabúis agus caillteanais €'000 | Cothromas iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir 2016 | 22,675 | 107,943 | 130,618 |
| **Ioncam cuimsitheach** | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | 30,828 | 30,828 |
| Caillteanas cuimsitheach eile | - | (26,829) | (26,829) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | 3,999 | 3,999 |
| **Idirbhearta le scairshealbhóirí atá aitheanta go díreach i gcothromas** | | | |
| Díbhinní | - | (7,430) | (7,430) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig 2016** | **22,675** | **104,512** | **127,187** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir 2017 | 22,675 | 104,512 | 127,187 |
| **Ioncam Cuimsitheach** | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | 24,861 | 24,861 |
| Ioncam cuimsitheach eile | - | 67,655 | 67,655 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | 92,516 | 92,516 |
| **Idirbhearta le scairshealbhóirí atá aitheanta go díreach i gcothromas** | | | |
| Díbhinní | - | (9,248) | (9,248) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig 2017** | **22,675** | **187,780** | **210,455** |

# Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | | **26,267** | 32,115 |
| *Coigeartú le haghaigh:* | | | |
| Dímheas sócmhainní seasta inláimhsithe | 8 | **14,529** | 14,080 |
| Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil | 4 | **(11,165)** | (14,453) |
| Ús iníoctha agus táillí comhchosúla | 5 | **14,152** | 14,893 |
| Scair brabúis an chomhlaigh | 9 | **(581)** | (108) |
| Cáin | 7 | **4,867** | 7,043 |
| | | **48,069** | 53,570 |
| Laghdú/(méadú) i bhféichiúnaithe | | **7,896** | (5,565) |
| Méadú i gcreidiúnaithe | | **17,311** | 17,624 |
| | | **73,276** | 65,629 |
| Cáin a íocadh | | **(4,590)** | (5,575) |
| **Glanairgead ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **68,686** | 60,054 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Fáil sócmhainní seasta inláimhsithe | | **(13,054)** | (14,110) |
| Fáil sócmhainní airgeadais | 9 | **(3,158)** | (7,798) |
| Díbhinní a fuarthas | 9 | **637** | - |
| Infheistíochtaí i dtaiscí gearrthéarmacha | | **(76,681)** | (84,461) |
| Ús a fuarthas | | **26** | 73 |
| **Airgead glan a úsáideadh i gníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(92,230)** | (106,296) |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Ús íochta | | **(273)** | (335) |
| Díbhinní íoctha | 16 | **(9,248)** | (7,430) |
| **Airgead glan a úsáideadh i gníomhaíochtaí maoinithe** | | **(9,521)** | (7,765) |
| **Glanlaghdú ar airgead agus ar choibhéisí airgid** | | **(33,065)** | (54,007) |
| Airgead agus ar choibhéisí airgid ar an 1 Eanáir | | **66,669** | 120,310 |
| Éifeacht luaineacha sna rátaí malairte ar airgead arna sealbhú | | **(187)** | 366 |
| **Airgead agus ar choibhéisí airgid ar an 31 Nollaig** | | **33,417** | 66,669 |

# Nótaí

atá ina gcuid de na ráitis airgeadais

## 1 Beartais chuntasaíochta

Cuideachta phríobháideach theoranta a bunaíodh faoin Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993, ("an tach um IAA") agus atá cláraithe faoi Acht na gCuideachtaí 2014 is ea Údarás Eitlíochta na hÉireann ("IAA", "an Chuideachta"). Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasmhach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an IAA, seachas nuair atá a mhalairt ráite.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 - *an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann* ("FRS 102"). Is é Euro an t-airgeadra ina gcuirtear na ráitis airgeadais seo i láthair. Slánaíodh gach suim sna ráitis airgeadais go dtí an €1,000 is gaire.

Tá an chuideachta sealbhaíochta san áireamh leis na ráitis airgeadais agus meastar gur eintiteas cáilithe é de réir FRS102. Cuireadh na díolúintí seo a leanas i bhfeidhm faoi FRS 102 maidir le nochta áirithe do ráitis airgeadais na cuideachta sealbhaíochta:

- Níl aon ráiteas faoi shreabhadh airgid le nótaí gaolmhara san áireamh maidir le cuideachta sealbhaíochta ar leith;
- Ní áiríodh cúiteamh do phrómh-pearsanra bainistíochta don dara huair.

Faoi Alt 304 d'Acht na gCuideachtaí 2014 tá an Chuideachta díolmhaithe ón gceanglas maidir le a cúntas brabúis agus caillteanais féin a chur i láthair.

Pléitear i nóta 21 breithiúnais a thug na stiúrthóirí agus cur i bhfeidhm á dhéanamh ar na beartais chuntasaíochta sin ag a bhfuil tionchar suntasach ar na ráitis airgeadais agus ar mheastacháin lena mbaineann riosca suntasach go ndéanfar coigeartú ábhartha orthu sa bhliain le teacht.

### Breis fhíor agus chothrom

Tá Éire páirteach i gcomhaontú iltaobhach (EUROCONTROL) a bhaineann le bailiú táillí seirbhíse loingseoireachta faoi bhealach. Faoi Alt 47 den Acht um IAA, comhlíonann an IAA an fheidhm sin thar ceann an Stáit. Déantar difríocht idir ioncam agus costais a a thagann as riosca méide tráchta agus as comhroinnt riosca costais a aisghabháil ó úsáideoirí seirbhísí loingseoireachta faoi bhealach nó a aisíoc le húsáideoirí seirbhísí loingseoireachta faoi bhealach trí na táillí a leasú i mblianta níos déanaí.

Is i bprionsabail EUROCONTROL maidir le muirearú agus i Rialacháin an CE maidir le Muirearú a shainítear na costais atá le cur san áireamh de réir chomhaontú EUROCONTROL ar bhealach a chuimsíonn gach ceann de na híocaíochtaí airgid a rinneadh le cistí pinsin. Dá réir sin, chinn na Stiúrthóirí go bhfuil sé cuí gach íocaíocht airgid a dhéantar le ciste pinsin an IAA a chuimsiú i gcostais oibriúcháin a mhéad a sháraíonn siad an táille phinsin a chinntear de réir FRS 102 '*Sochair Fostaithe*', agus creidmheas fritháirimh a thuairisciú sa ráiteas faoi ioncam cuimsitheach eile ("OCI"), ar mhaithe le léargas fírinneach cóir a thabhairt ar a ioncam cuimsitheach agus ar a shócmhainní, a dhliteanais agus a staid airgeadais.Tá tuilleadh sonraí faoi thionchar an chleachtais chuntasaíochta sin tugtha sa bheartas cuntasaíochta sochair fostaithe ar leathanach 38 agus 39.

# Nótaí (ar lean)

## 1 Beartais chuntasaíochta (ar lean)

### 1.1 Gnás tomhais

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an chostais stairiúil seachas na hinfheistíochtaí i gcomhlaigh atá cumhdaithe i gcomhréir le modh an chothromais sna ráitis airgeadais chomhdhlúite (ar chostas lúide bearnú i ráitis airgeadais na Cuideachta) agus déantar sócmhainní seasta airgeadais eile a thomhas ar luach cóir.

### 1.2 Bonn comhdhlúthaithe

Comhdhlúthaíonn ráitis airgeadais an Ghrúpa ráitis airgeadais na Cuideachta agus a fhochuideachta, IAA North Atlantic Inc., atá 100% faoina úinéireacht, suas go dtí an 31 Nollaig 2017.

Is ionann fochuideachta agus eintiteas atá faoi smacht ag an ngnóthas sealbhaíochta. Áirítear torthaí an ghnóthais fochuideachta sa chuntas brabúis agus caillteanais chomhdhlúite ó dháta a thosaíonn smacht go dtí dáta a stopann an smacht. Tá smacht bunaithe nuair atá cumhacht ag an gCuideachta chun beartais oibriúcháin agus airgeadais an eintitis a rialáil chun sochair a fháil óna ghníomhaíochtaí. Nuair atá an Grúpa ag déanamh measúnú ar smacht, cuireann sé cearta vótála féideartha atá i bhfeidhm faoi láither san áireamh.

Is ionann comhlach agus eintiteas a bhfuil tionchar suntasach ag an nGrúpa ar bheartais oibriúcháin agus airgeadais an eintitis ach níl smacht ag an nGrúpa air. Tá tionchar suntasach toimhdithe nuair atá idir 20% agus 50% de cearta vótala cothromais ag an infheisteoir. Áirítear scair an Ghrúpa ar bhrabúis nó caillteanais na gcomhlach sa chuntas brabúis agus caillteanais chomhdhlúite agus tá a ús i nglansócmhainní taifeadta ar an gClár Comhardaithe ag baint úsáide as an modh cothromais.

I ráitis airgeadais na Cuideachta, iompraíonn infheistíochtaí i bhfochuideachtaí agus i gcomhlaigh ag costas lúide bearnú.

### 1.3 Láimhdeachas

Seasann láimhdeachas do na suimeanna a fuarthas, agus atá infhaighte, i ndáil le seirbhísí a cuireadh ar fáil do chustaiméirí, in éineacht le táillí a fuarthas i ndáil le feidhmeanna rialála reachtúla a comhlíonadh nuair a bhíothas i mbun ceanglais rialála sábháilteachta.

#### Ioncam ó ghníomhaíochtaí faoi bhealach agus críochfoirt

Mar atá sonraithe thuas, tá an IAA i dteideal na difríochtaí idir ioncam agus costais a bhaineann le táillí seirbhíse loingseoireachta faoi bhealach a aisghabháil nuair a thagann na difríochtaí sin as riosca méide tráchta agus as comhroinnt riosca costais. Déantar soláthar do na difríochtaí a thagann chun cinn i gcuntas ioncaim fhabhraithe/iarchurtha agus coigeartaítear iad i gcoinne ioncaim a thagann as gníomhaíocht faoi bhealach. Is ar bhealach den chineál céanna a thugtar cuntas ar ioncam ó tháillí loingseoireachta críochfoirt, a bhaineann le seirbhísí druidime, tuirlingthe agus éirí de thalamh. Fabhraítear suimeanna i láimhdeachas agus aithnítear iad mar nithe infhaighte nó mar nithe iníoctha sa chlár comhardaithe.

## 1 **Beartais chuntasaíochta** (ar lean)

### Ioncam iarchurtha

Is ar bhonn líne dírí thar thréimhse dhá mhí dhéag a aithníonn an IAA ioncam le haghaidh deimhnithe aeracmhainneachta, rud a ghearrtar gach bliain ar aerárthaí atá lonnaithe san AE, ar aon dul lena oibleagáidí faireacháin agus feidhmíochta.

### 1.4 Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas, lúide caillteanais dímheasa charntha agus bearnaithe charntha. Is ar bhonn líne dírí thar a saol ionchais úsáideach a ríomhtar dímheas chun an costas a bhaineann le gach sócmhainn sheasta a dhíscríobh, lena n-áirítear trealamh a ceannaíodh mar chuid de shuiteáil. Ríomhtar é de réir na rátaí bliantúla seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh | 5% |
| Suiteálacha críochnaithe agus oibreacha eile | 8⅓% – 12½% |
| Trealamh oifige | 20% – 33⅓% |

Dímheastar sócmhainní ón dáta ar a gcuirtear iad i mbun oibre. Déantar sócmhainní i mbun tógála/suiteálacha idir lámha a iompar ag a gcostas stairiúil agus ní dhímheastar iad go dtí go gcuirfear iad i mbun oibre. Déantar athbhreithniú ar shuimeanna glanluacha shócmhainní seasta inláimhsithe ag gach dáta tuairiscithe chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil aon léiriú ar bhearnú ann.

### 1.5 Sócmhainní seasta airgeadais

Is iad comhlaigh ná eintits sa Ghrúpa le tionchar suntasach, ach níl smacht acu ar na beartais airgeadais agus oibriúcháin. Sna ráitis airgeadais chomhdhlúite, thugtar cuntas ar infheistíochtaí i gcomhlaigh le modh an chotromais. Faoi mhodh an chotramais de chuntasaíocht, aithnítear scair an Ghrúpa de bhrabús nó caillteanais na gcomhlach tar éis fáltais i gcuntas brabúis agus caillteanais an Ghrúpa. Áirítear leas an Ghrúpa i nglansócmhainní na gcomhlach mar infheistíochtaí i gcomhlaigh i gclár comhardaithe an Ghrúpa ar mhéid a dhéanann ionadaíocht ar scair an Ghrúpa de luach cóir na glansócmhainní aitheanta chomh maith le sciar an Ghrúpa maidir le brabúis agus caillteanais choinnithe tar éis fáltais a thagann as infheistíocht an Ghrúpa.

Déantar infheistíochtaí i gcomhlachaithe a iompar ag a gcostas lúide aon bhearnú i luach infheistíochtaí aonair.

Aithnítear sócmhainní seasta airgeadais eile i dtús ag praghas an idirbhirt. Tomhaistear an infheistíocht ag luach cóir ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe agus aithnítear athruithe i luach cóir sa chuntas brabúis agus caillteanais, seachas nuair nach féidir luach cóir a thomais go hiontaofa, úsáidtear costas cáis sa chás sin.

## Nótaí (ar lean)

### 1 Beartais chuntasaíochta (ar lean)

#### 1.6 Sócmhainní léasaithe

Gearrtar costas ar chíosanna léasa oibriúcháin de réir mar a fhabhraítear iad thar thréimhse na léasanna.

#### 1.7 Airgeadraí eachtracha

Aistrítear idirbhearta a dhéantar in airgeadraí eachtracha go airgeadra feidhmiúil ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta a ainmníodh in airgeadraí eachtracha ag an dáta tuairiscithe go dtí an airdeadra feidhmiúil ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag deireadh na bliana. Is sa bhrabús don bhliain a dhéileáiltear leis an mbrabús agus na caillteanais a leanann astu.

Aistrítear torthaí na hoibríochtaí eachtracha go euro ag meánráta malairte don bhliain nuair a neasaíonn an ráta seo le ráta malairte eachtraigh a bhí I bhfeidhm ag dáta na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais na hoibríochtaí eachtracha go euro ag na ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag deireadh na bliana. Aithnítear difríochtaí i ráta malairte a eascraíonn as ath-aistriú in ioncam cuimsitheach eile.

#### 1.8 Cánachas

Déantar soláthar do cháin chorparáideach ar an mbrabús don bhliain ag na rátaí reatha. Aithnítear cáin iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainithe go léir a tháinig chun cinn, agus nár aisiompaíodh iad, ag an dáta tuairiscithe. Déantar soláthar ag na rátaí a mheastar a bheidh i bhfeidhm nuair a aisiompófar na difríochtaí uainithe. Is é is difríochtaí uainithe ann ná difríochtaí idir brabús inchánaithe agus a thorthaí, mar atá luaite sna ráitis airgeadais, a éiríonn ó ghnóthachain agus ó chaillteanais a chur ar áireamh i mbrabús inchánaithe i dtréimhsí atá éagsúil leis na tréimhsí ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Meastar go bhfuil sócmhainn cánach iarchurtha inghnóthaithe agus dá bhrí sin, aithnítear é amháin, ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil, gur dócha é go mbeidh go mbeidh brabúis oiriúnacha inchánach ann agus as sin beifear in ann aisiompú na ndifríochtaí ama bunúsacha a bheith ann amach anseo a asbhaint.

#### 1.9 Sochair fostaithe

Cuireann an IAA pinsin ar fáil dá fhostaithe faoi cheithre scéim aoisliúntais. Tá trí cinn de na scéimeanna sin ina scéimeanna sochair shainithe, is iad sin: "Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 1996" – do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta roimh an 1 Aibreán 2008; "Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 2008" – do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta idir an 1 Aibreán 2008 agus an 31 Nollaig 2011; "Plean Hibrideach Pinsean Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012" do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta ón 1 Eanáir 2012 ar aghaidh. I gcás na scéimeanna sin, is mar shócmhainn/dhliteanas ar an gclár comhardaithe a thuairiscítear an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéimeanna agus luach reatha dhliteanas na scéimeanna arna meas ag achtúire, a ríomhtar trí mhodh creidmheasa aonaid réamh-mheasta a úsáide

## 1 Beartais chuntasaíochta (ar lean)

Is é an tsuim a ghearrtar ar an gcuntas brabúis agus caillteanais ná iomlán na nithe seo a leanas:

(a) iomlán chostas na sochar pinsin a chinntear go hachtúireach a ghealltar d'fhostaithe as seirbhís i rith na bliana móide aon fheabhsuithe sochair a bhronntar do bhaill i rith na bliana (costas seirbhíse reatha/roimhe), agus

(b) iomlán na táille breise ar chostais oibriúcháin, áit a ríomhtar an difríocht idir an táille phinsin a chinntear go hachtúireach (costas seirbhíse reatha/roimhe) atá ar áireamh thuas agus na híocaíochtaí iomlána airgid thirim leis an gciste pinsin sa bhliain, agus

(c) an glan-ús ar an nglandliteanas sochair shainithe a chuimsíonn an costas úis ar an oibleagáid sochair shainithe agus ioncam úis ar shócmhainní an phlean.

Is mar ghnóthachain agus chaillteanais atomhais sa ráiteas faoi ioncam cuimsitheach eile ("OCI") a aithnítear an difríocht idir an t-ioncam úis ar shócmhainní agus ar an toradh a baineadh amach iarbhír agus aon athruithe ar dhliteanais mar thoradh ar athruithe ar thoimhdí, nó toisc go raibh an taithí i rith na bliana éagsúil leis an taithí mheasta. Áirítear leis an OCI fritháireamh arb ionann é agus an táille phinsin bhreise, atá tuairiscithe i mír (b), a mheastar a bheith aisghafa faoi fhorálacha chomhaontú EUROCONTROL mar atá tuairiscithe ar leathanach 35.

Mar sin, imíonn an IAA ó cheanglais FRS 102 i dtreo is go gcloífidh na torthaí le ceanglais na gcomhaontuithe faoina rialaítear a chuid oibríochtaí agus, i gcomhthéacs na gcomhaontuithe sin, go dtabharfar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais. Is é tionchar an imeachta sin ná an costas pinsin a mhéadú faoi €6,134,000 *(2016: €9,714,000)* os cionn na gcostas seirbhíse arna gcinneadh go hachtúireach d'aisghabháil faoin meicníocht gearradh táillí sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017, agus chun creidmheas fritháirimh san OCI a thaifeadadh, rud a choinníonn cúlchistí brabúis agus caillteanas agus sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an IAA i gcomhréir le ceanglais FRS 102.

### 1.10 Ionstraimí bunúsacha airgeadais

#### Féichiúnaithe agus creidiúnaithe trádála agus féichiúnaithe agus creidiúnaithe eile

Aithnítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile i dtús ag praghas an idirbhirt móide costais idirbhirt inchurtha. Aithnítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile i dtús ag praghas an idirbhirt lúide costais idirbhirt inchurtha. Tar éis aithint tosaigh, tomhaistear iad ag costas amúchta ach úsáid a bhaint as modh an úis éifeachtaigh, lúide aon chaillteanais bhearnaithe i gcás féichiúnaithe trádála.

#### Airgead tirim, coibhéisí airgid tirim agus taiscí gearrthéarmacha

Is é is airgead tirim ann ná airgead tirim atá coimeádta ag an mbanc agus atá le fáil ar éileamh. Is éard atá i gcoibhéisí airgid thirim ná infheistíochtaí an-leachtach (seachas airgead tirim) is féidir a thiontú go réidh go suimeanna aitheanta airgid thirim. Is gnách a bhíonn taiscí airgid thirim a mhaireann idir lá amháin agus trí mhí i gceist iontu. Is ionann taiscí gearrthéarmacha agus taiscí airgid thirim a mhaireann idir trí mhí agus bliain amháin. Taifeadtar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus taiscí gearrthéarmacha ag luach cóir i dtús agus luaitear iad ina dhiaidh sin ag costas amúchta. Déantar iad a chatagóiriú mar iasachtaí agus nithe infhaighte.

## 2 Láimhdeachas

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| *Gníomhaíocht* | | |
| Faoi bhealach | **120,150** | 122,413 |
| Críochfort | **25,136** | 24,674 |
| North Atlantic Communications | **22,325** | 21,255 |
| Rialáil sábháilteachta | **20,026** | 17,994 |
| Aerthrácht saor | **1,566** | 1,691 |
| Gníomhaíocht tráchtála | **4,239** | 3,894 |
| | **193,442** | 191,921 |

Tagann láimhdeachas an IAA go príomha ó sheirbhísí a bhaineann le heitlíocht agus ó fheidhmeanna reachtúla a chomhlíontar i bPoblacht na hÉireann.

## 3 Líon agus costais foirne

Ba mar seo a leanas a bhí meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe le linn na bliana, stiúrthóirí feidhmiúcháin san áireamh, agus é anailísithe de réir catagóire:

| | 2017 Uimhir | 2016 Uimhir |
|---|---|---|
| Oibríochtaí | **450** | 446 |
| Teicneolaíocht agus oiliúint | **60** | 64 |
| Rialáil sábháilteachta | **100** | 91 |
| Seirbhísí corparáideacha | **56** | 51 |
| **Iomlán na bhfostaithe** | **666** | 652 |

Ba mar seo a leanas a bhí costais phárolla chomhiomlána na ndaoine sin, san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais:

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | **64,007** | 61,384 |
| Costais leasa shóisialaigh | **5,162** | 4,744 |
| Costais chúitimh eile | **338** | 35 |
| Costais phinsin - costas seirbhíse reatha (nóta 20) | **13,728** | 10,552 |
| Costais phinsin - rannaíocht shainithe (nóta 20) | **90** | 70 |
| Costais phinsin - costas breise airgid thirim (nóta 20) | **6,134** | 9,714 |
| Costas eile iarfhostaíochta (nóta 20) | **320** | 333 |
| | **89,779** | 86,832 |

## 3 Líon agus costais foirne (ar lean)

Déantar líon na bhfostaithe a íocadh os cionn €50,000 a rangú sna bannaí seo a leanas:

| | 2017 Uimhir | 2016 Uimhir |
|---|---|---|
| €50,000 - €75,000 | **127** | 138 |
| €75,001 - €100,000 | **121** | 120 |
| €100,001 - €125,000 | **174** | 198 |
| €125,001 agus is a cionn | **154** | 111 |

## 4 Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Gnóthachan malairte eachtraí | **-** | 235 |
| Ús bainc | **-** | 45 |
| Ús eile | **173** | 160 |
| Ioncam úis ar shócmhainní sochair shainithe | **9,774** | 11,797 |
| Ioncam díbhinne ó shócmhainní airgeadais eile | **1,218** | 2,216 |
| | **11,165** | 14,453 |

## 5 Ús iníoctha agus táillí comhchosúla

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí saoráid iasachta bainc | **288** | 290 |
| Ús bainc | **93** | - |
| Costas úis ar dhliteanais sochair shainithe | **12,574** | 14,603 |
| Caillteanas malairte eachtranaigh | **1,197** | - |
| | **14,152** | 14,893 |

## 6 Faisnéis reachtúil agus faisnéis eile

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Luach saothair na stiúrthóirí** | | |
| *Táillí a íocadh le stiúrthóirí* | | |
| Anne Nolan Uas. (Cathaoirleach) | **22** | 22 |
| An tUas. Eamonn Brennan (Iar-Phríomhfheidhmeannach) | **-** | - |
| Marie Bradley Uas. | **13** | 13 |
| An tUas. Ernie Donnelly | **-** | - |
| An tUas. Pascal Fitzgerald | **13** | 13 |
| An tUas. Basil Geoghegan | **13** | 13 |
| An tUas. Michael Norton | **13** | 13 |
| An tUas. Geoffrey O'Byrne-White | **13** | 13 |
| An tUas. Kevin O'Driscoll | **9** | 13 |
| | **96** | 100 |

Ar an gcomhlíon, aisíocadh speanais €22,001 san iomlán le stiúrthóirí as a seirbhísí mar stiúrthóir le linn na bliana 2017 *(2016: €8,140)*. Bhí na speanais seo bainteach go príomha le taistil agus cothú/lóistín.

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Luachanna saothair agus ranníocaíochtaí pinsin a bhaineann le conradh fostaíochta an iar-phríomhfheidhmeannaigh | | |
| - tuarastal bunúsach bliantúil | **232** | 232 |
| - Luach saothair a bhaineann le feidhmíocht a íocadh i leith na bliana roimhe | **-** | - |
| - sochair inchánaithe eile | **147** | 62 |
| - ranníocaíochtaí pinsin | **50** | 50 |
| | **429** | 344 |

*D'éirigh an iar-phríomhfheidhmeannach, an tUas. Eamonn Brennan, as a phost sa IAA ar an 29 Nollaig 2017. Rinne an príomhfheidhmeannach 10% dá thuarastal oifigiúil a tharscaoileadh dá dheoin féin do gach bliain idir 2009 agus 2017. Tá scéim pá a bhaineann le feidhmíocht arna faomhadh ag an Roinn Airgeadais i bhfeidhm ag an IAA do gach príomhfheidhmeannach de chuid comhlachtaí tráchtála leathstáit, scéim lena ndéantar soláthar do ghné pá fhadtéarmach agus ghearrthéarmach a bhaineann le feidhmíocht bunaithe ar chuspóirí réamh-chomhaontaithe. Níor íocadh aon phá a bhain le feidhmíocht leis an bpríomhfheidhmeannach do na blianta idir 2010 agus 2017. Tar éis dó éirí as oifig, rinneadh íocaíocht de € 81,000 don iar-phríomhfheidhmeannach i socrú iomlán agus críochnaitheach ar gach ábhar a thagann ó a fhostaíocht laistigh den IAA. D'éirigh an tUas. Eamonn Brennan as an mBord ar an 13 Nollaig 2017. Ní bhfuair an príomhfheidhmeannach táille stiúrthóra.*

## 6 Faisnéis reachtúil agus faisnéis eile (ar lean)

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Luach saothair an iniúchóra - grúpa** | | |
| - iniúchadh | **50** | 50 |
| - dearbhú eile | **41** | 23 |
| - seirbhísí cánacha | | |
| - comhlíonadh | **23** | 41 |
| - comhairleach | **4** | 46 |
| - táillí eile nach mbaineann le hiniúchadh | **80** | 13 |
| **Iomlán luach saothair an iniúchóra - grúpa** | **198** | 173 |
| **Luach saothair an iniúchóra - cuideachta (san áireamh thuas)** | | |
| - iniúchadh | **50** | 50 |
| - dearbhú eile | **41** | 23 |
| - seirbhísí cánacha | | |
| - comhlíonadh | **7** | 26 |
| - comhairleach | **4** | 19 |
| - táillí eile nach mbaineann le hiniúchadh | **5** | 13 |
| **Luach saothair iomlán an iniúchóra - cuideachta** | **107** | 131 |
| Dímheas | **14,529** | 14,080 |
| Táillí Met Éireann | **9,745** | 9,497 |
| Cíosanna iníoctha faoi léasanna oibriúcháin - foirgnimh | **3,888** | 3,887 |
| Cíosanna iníoctha faoi léasanna oibriúcháin - eile | **120** | 139 |

## 7 Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Anailís ar an muirear cánach sa tréimhse** | | |
| *Cáin reatha* | | |
| Cáin chorparáide | **4,556** | 5,283 |
| Coigeartuithe i leith tréimhsí roimhe | **(1)** | (2) |
| | **4,555** | 5,281 |
| *Cáin iarchurtha* | | |
| Bunús agus aisiompú difríochtaí uainithe | **311** | 1,763 |
| Coigeartuithe i leith tréimhsí roimhe | **1** | (1) |
| | **312** | 1,762 |
| **Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **4,867** | 7,043 |

## 7 Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí (ar lean)

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Iomlán an réitigh chánach i gcás brabúis agus caillteanais** | | |
| Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin | **31,134** | 39,158 |
| Cáin reatha ionchais ag 12.5% *(2016: 12.5%)* | **3,892** | 4,895 |
| *Tionchar na nithe seo a leanas:* | | |
| Difríochtaí buana | **663** | 1,094 |
| Speansais nach féidir a bhaint chun críocha cánach | **500** | 319 |
| Ioncam nach féidir cáin a ghearradh air ag an ráta caighdeánach | **67** | 129 |
| Cáin chorparáide i leith blianta roimhe | **(1)** | (3) |
| Cáin iarchurtha i leith blianta roimhe | **1** | - |
| Tionchar na cánach eachtraí | **(255)** | 609 |
| **Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **4,867** | 7,043 |

## 8 Sócmhainní seasta inláimhsithe

| | Foirgnimh €'000 | Suiteálacha críochnaithe agus oibreacha eile €'000 | Suiteálacha ar siúl €'000 | Trealamh oifige €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Grúpa agus Cuideachta** | | | | | |
| ***Costas*** | | | | | |
| Ag tús na bliana | 30,464 | 147,754 | 26,170 | 10,645 | 215,033 |
| Breiseanna sa bhliain | - | 28 | 11,536 | 267 | 11,831 |
| Nithe a cuireadh in úsáid sa bhliain | - | 6,148 | (7,417) | 1,269 | - |
| Diúscairtí sa bhliain | - | (6,952) | - | (4) | (6,956) |
| **Ag deireadh na bliana** | **30,464** | **146,978** | **30,289** | **12,177** | **219,908** |
| ***Dímheas carntha*** | | | | | |
| Ag tús na bliana | 19,272 | 108,090 | - | 7,792 | 135,154 |
| Muirear sa bhliain | 1,522 | 11,713 | - | 1,294 | 14,529 |
| Diúscairtí sa bhliain | - | (6,952) | - | (4) | (6,956) |
| **Ag deireadh na bliana** | **20,794** | **112,851** | **-** | **9,082** | **142,727** |
| **Ag an 31 Nollaig 2017** | **9,670** | **34,127** | **30,289** | **3,095** | **77,181** |
| Ag an 31 Nollaig 2016 | 11,192 | 39,664 | 26,170 | 2,853 | 79,879 |

## 9 Sócmhainní seasta airgeadais

| | Ús i gcomhlach €'000 | Sócmhainní airgeadais eile €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Grúpa** | | | |
| An 1 Eanáir 2016 | 993 | 13,834 | 14,827 |
| Breiseanna | - | 7,798 | 7,798 |
| Gluaiseachtaí malairte eachtraí | - | 649 | 649 |
| Scair brabúis an chomhlaigh | 108 | - | 108 |
| Ag an 31 Nollaig 2016 | 1,101 | 22,281 | 23,382 |
| Breiseanna | 645 | 2,513 | 3,158 |
| Gluaiseashtaí malairte eachtraí | - | (2,761) | (2,761) |
| Díbhinní a fuarthas | (637) | - | (637) |
| Scair brabúis an chomhlaigh | 581 | - | 581 |
| **Ag an 31 Nollaig 2017** | **1,690** | **22,033** | **23,723** |

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Cuideachta** | | |
| Ús i gcomhlach, ag costas | **1,384** | 739 |
| Gnáthscaireanna i ngnóthas fochuideachta, ag costas | **13,834** | 13,834 |
| | **15,218** | 14,573 |

Tá leas 33⅓% ag an IAA in Entry Point North AB, Box 30, SE-230 32, Malmö-Sturup, an tSualainn, ar cuideachta í a sholáthraíonn réitigh oiliúna bainistíochta aerthráchta. Ceannaíodh an leas sin an 20 Nollaig 2013 (25%) agus ag an 28 Meitheamh 2017, cheannaigh an IAA 8⅓%.

Tá €22.0 milliún *(2016: €22.3 milliún)* infheistithe ag an IAA i gcaipiteal cothromais Aireon LLC, ar cuideachta í atá ag forbairt córais dhomhanda spásbhunaithe um fhaireachas aerthráchta. Tá an infheistíocht in Aireon LLC i seilbh ag gnóthas fochuideachta atá 100% faoi úinéireacht, IAA North Atlantic Inc., 108 West 13th street, Wilmington, New Castle county, 19801, na Stát Aontaithe. Ag an 27 Meitheamh 2017, mheadaigh IAA North Atlantic Inc a sciar go 0.6% de chothromas Aireon LLC, rud a mheadaigh scairshealbhú cothromais iomlán go 6% *(2016: 5.4%)* ar bhonn iar-fhuascailte.

Níl na scaireanna den ghnóthas fochuideachta thuaslaite liostaithe. I dtuairim na stiúrthóirí, tá na scaireanna i, agus na iasachtaí do fhochuideachta na cuideachta ar luach na suimeanna is lú de réir mar atá siad luaite sa chlár comhardaithe

## Nótaí (ar lean)

### 10 Féichiúnaithe

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **2017 €'000** | **2016 €'000** | **2017 €'000** | **2016 €'000** |
| Féichiúnaithe trádála, mar ghlanfhigiúr | **33,911** | 36,869 | **33,911** | 36,869 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | **2,487** | 3,249 | **2,487** | 3,249 |
| Féichiúnaithe eile | **3,567** | 2,722 | **367** | 395 |
| Cáin chorparáide | **252** | - | **252** | - |
| Cánacha eile | **-** | 908 | **-** | 425 |
| Cáin bhreisluacha | **257** | 4,259 | **257** | 4,259 |
| Sócmhainn chánach iarchurtha (nóta 14) | **11,863** | 21,259 | **11,863** | 21,259 |
| Dlite ó ghnóthas fochuideachta | **-** | - | **9,655** | 8,192 |
| | **52,337** | 69,266 | **58,792** | 74,648 |

Tá fiacha na bhféichiúnaithe de €15,063,000 *(2016: €23,585,000)* sa Ghrúpa agus fiacha na bhféichiúnaithe de €11,863,000 *(2016: €21,259,000)* sa Chuideachta dlite tar éis níos mó ná bliain amháin.

Tá na suimeanna atá dlite ag gnóthas fochuideachta saor ó ús, gan urrús agus iníoctha ar éileamh.

Áirítear i bhféichiúnaithe trádála suimeanna atá dlite thar téarma is fiú €21,054,000 *(2016: €23,511,000)* dá ndéantar soláthar do €5,924,000 *(2016: €6,002,000)* laistigh de sholáthairtí in aghaidh drochfhiach.

### 11 Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **2017 €'000** | **2016 €'000** | **2017 €'000** | **2016 €'000** |
| Creidiúnaithe trádála | **1,677** | 2,356 | **1,677** | 2,356 |
| Creidiúnaithe eile cáin agus leas sóisialach san áireamh (nóta 12) | **580** | 1,675 | **580** | 1,675 |
| Fabhruithe | **11,370** | 15,183 | **11,275** | 14,813 |
| Ioncam iarchurtha | **23,187** | 10,805 | **23,187** | 10,805 |
| | **36,814** | 30,019 | **36,719** | 29,649 |

## 12 Cáin agus leas sóisealach curtha ar áireamh i gcreidiúnaithe eile

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **2017 €'000** | **2016 €'000** | **2017 €'000** | **2016 €'000** |
| ÍMAT/ÁSPC | **-** | 143 | **-** | 143 |
| Cáin chorparáide | **-** | 683 | **-** | 683 |
| Cáin conarthaí ábhartha | **4** | 7 | **4** | 7 |
| Cáin shiarchoinneálach seirbhísí gairmiúla | **92** | 238 | **92** | 238 |
| Dliteanas cánach iarchurtha (nóta 14) | **484** | 604 | **484** | 604 |
| | **580** | 1,675 | **580** | 1,675 |

## 13 Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **2017 €'000** | **2016 €'000** | **2017 €'000** | **2016 €'000** |
| Ioncam iarchurtha | **35,114** | 26,816 | **35,114** | 26,816 |
| Dliteanas cánach iarchurtha (nóta 14) | **2,041** | 2,330 | **1,209** | 1,399 |
| | **37,155** | 29,146 | **36,323** | 28,215 |

## 14 Sócmhainn chánach iarchurtha

| | | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Tag** | **2017 €'000** | **2016 €'000** | **2017 €'000** | **2016 €'000** |
| Dliteanas cánach iarchurtha - seachas é/í sin a bheith bainteach le sochair fostaithe - (reatha) | *(i)* | **(1,316)** | (1,535) | **(484)** | (604) |
| Sócmhainn chánach iarchurtha - bainteach le sochair fostaithe (neamhreatha) | *(ii)* | **10,654** | 19,860 | **10,654** | 19,860 |
| Sócmhainn chánach iarchurtha - foirgnimh - (neamhreatha) | | **1,209** | 1,399 | **1,209** | 1,399 |
| Dliteanas cánach iarchurtha - foirgnimh - (neamhreatha) | | **(1,209)** | (1,399) | **(1,209)** | (1,399) |
| **Sócmhainn chánach iarchurtha, mar ghlanfhigiúr** | | **9,338** | 18,325 | **10,170** | 19,256 |

# Nótaí (ar lean)

## 14 Sócmhainn chánach iarchurtha (ar lean)

### (i) Cáin iarchurtha - seachas é/í a bheith bainteach le sochair fostaithe

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **2017 €'000** | **2016 €'000** | **2017 €'000** | **2016 €'000** |
| Ag tús na bliana | **(1,535)** | (592) | **(604)** | (592) |
| Gearrtha ar an gcuntas brabúis agus caillteanais)/Curtha chun sochair an chuntais bhrabúis agus chaillteanais (nóta 7) | **105** | (898) | **120** | (12) |
| Tionchar malarite eachtrannaigh | **114** | (45) | **-** | - |
| **Ag deireadh na bliana** | **(1,316)** | (1,535) | **(484)** | (604) |

Is ionann an dliteanas cánach iarchurtha ag deireadh na bliana agus an dliteanas iomlán féideartha a d'eascair ó dhifríochtaí uainithe.

Tá €832,000 *(2016: €931,000)* san áireamh le cáin iarchurtha - seachas é/í sin a bheith bainteach le sochair fostaithe - sa Ghrúpa agus €Nialas *(2016: €Nialas)* sa chuideachta, dlithe tar éis níos mó ná bliain amháin a bhaineann le hioncam inchánach ag ráta comhaontaithe.

### (ii) Cáin iarchurtha – a bhí bainteach le sochair fostaithe

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **2017 €'000** | **2016 €'000** | **2017 €'000** | **2016 €'000** |
| Ag tús na bliana | **19,860** | 15,504 | **19,860** | 15,504 |
| Athruithe I dtoimhdí achtúireacha atá aitheanta i OCI | **(8,789)** | 5,220 | **(8,789)** | 5,220 |
| Gearrtha ar an gcuntas brabúis agus caillteanais (nóta 7) | **(417)** | (864) | **(417)** | (864) |
| **Ag deireadh na bliana** | **10,654** | 19,860 | **10,654** | 19,860 |

## 15 Scairchaipiteal glaoite - cothromas

| | **2017 €'000** | **2016 €'000** |
|---|---|---|
| **Grúpa agus Cuideachta** | | |
| **A údaraíodh, a leithdháileadh, a glaodh agus a íocadh go hiomlán** | | |
| 17,858,000 gnáthscair ag €1.27 an ceann | **22,675** | 22,675 |

## 16 Díbhinni comthromais a íocadh

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Grúpa agus Cuideachta** | | |
| **A dearbhaíodh agus a íocadh le linn na bliana** | | |
| Díbhinn deiridh do 2017: €0.52 in aghaidh na scaire *(2016: €0.42 in aghaidh na scaire)* | **(9,248)** | (7,430) |

## 17 Páirtithe gaolmhare

### Grúpa agus Cuideachta

Cosúil le mórán comhlachtaí rialtais eile, déileálann an IAA le comhlachtaí eile rialtais agus le ranna eile rialtais sa ghnáthchúrsa gnó, amhail Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath cpt, Údarás Aerfort na Sionainne teo., Bord Soláthair an Leictreachais ("BSL"), an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus Met Éireann. Ina theannta sin, sa ghnáthchúrsa gnó, bíonn bearta ar bun ag an IAA le bainc Éireannacha ar leith atá faoi úinéireacht iomlán nó faoi pháirtúinéireacht Stát na hÉireann. Is de réir gnáth-théarmaí tráchtála a dhéantar gach ceann de bhearta an IAA le bainc den sórt sin.

Is í an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an páirtí rialaithe deiridh.

Sa bhliain 2014, chuaigh an IAA isteach i socrú tráchtála chun seirbhísí oiliúna bainistíochta aerthráchta a chur ar fáil do Entry Point North Ireland Ltd, ar cuideachta í atá faoi úinéireacht iomlán Entry Point North (EPN) AB, comhlachaí de chuid an IAA (nóta 9). Chomh maith leis sin, cuireann Entry Point North Ireland Ltd seirbhísí oiliúna bainistíochta aerthráchta ar fáil don IAA ar neamhthuilleamaí. Le linn na bliana, thuill an IAA ioncam €3.3 milliún *(2016: €3.1 milliún)* agus thabhaigh sé costais €7.1 milliún *(2016: €6.4 milliún)* in idirbhearta le Entry Point North Ireland Ltd. Amhail an 31 Nollaig 2017, tá glan-iarmhéid infhaighte €3.1 milliún *(2016: €5.1 milliún) ann atá dlite ó Entry Point North Ireland Ltd.*

B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra lucht bainistíochta agus €2.2 *milliún (2016: €2.1 milliún).*

# Nótaí (ar lean)

## 18 Ceangaltais

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Grúpa agus Cuideachta** | | |
| ***(i) Ceangaltais chaipitil*** | | |
| Caiteachas caipitil amach anseo atá ceadaithe ag na stiúrthóirí: | | |
| Nach ndearnadh conradh ina leith | **61,074** | 44,602 |
| A ndearnadh conradh ina leith | **32,081** | 3,591 |
| | **93,155** | 48,193 |

***(ii) Ceangaltais léasa oibriúcháin***

Is mar seo a leanas atá iomlán na n-íocaíochtaí íosta léasa amach anseo faoi léasanna oibriúcháin nach féidir a chealú:

| | 2017<br>Foirgnimh<br>€'000 | 2017<br>Mótar-fheithiclí<br>€'000 | 2016<br>Foirgnimh<br>€'000 | 2016<br>Mótar-fheithiclí<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Grúpa agus Cuideachta** | | | | |
| *Iníoctha:* | | | | |
| Laistigh de bhliain amháin | **3,603** | **68** | 3,592 | 111 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | **12,539** | **59** | 12,571 | 90 |
| Níos mó ná cúig bliana | **29,260** | **-** | 32,564 | - |
| | **45,402** | **127** | 48,727 | 201 |

## 19 Dliteanas theagmhasacha

### Grúpa agua Cuideachta

Tá éileamh gan íoc amháin a bhaineann le pá comhionann, a tionscnaíodh sa bhliain 1998, ag an IAA ó cheardchumann atá ag feidhmiú ar son baill foirne cléireachais. Tá an t-éileamh sin á bhreathnú ag an gCúirt Oibreachais agus tá an IAA ina choinne go tréan. Ní féidir cinneadh réasúnta deimhneach a dhéanamh maidir le toradh an phróisis sin agus, dá réir sin, ní féidir toradh an éilimh a thuar. Ní dhéantar soláthar sna ráitis airgeadais seo i leith an éilimh sin.

## 20 Sochair fostaithe

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---:|---:|
| **Grúpa agus Cuideachta** | | |
| Dliteanas pinsin sochair shainithe (féach A thíos) | **85,234** | 158,878 |
| Dliteanas pinsin forlíontach ex-gratia (féach B thíos) | **2,131** | 1,831 |
| **Iomlán na n-oibleagáidí sochar scoir** | **87,365** | 160,709 |

Tagann teidlíochtaí pinsin na bhfostaithe aníos faoi roinnt scéimeanna sochair shainithe, a ndílsítear na sócmhainní díobh in iontaobhaithe neamhspleácha.

Déanann an IAA luachálacha achtúireacha ar na scéimeanna pinsean sochair shainithe gach trí bliana ar a laghad. Is é dáta na luachálacha achtúirí deiridh ná an 1 Eanáir 2015 agus cuimsíonn sé sin gach sochar fabhraithe. Ba iad achtúirí cáilithe neamhspleácha a rinne na luachálacha sin.

Bhí na luachálacha a úsáideadh do chuspóirí FRS 102 bunaithe ar na luachálacha cistiúcháin is déanaí do na scéimeanna, agus iad coigeartaithe ag na hachtúirí neamhspleácha chun fabhrú dliteanas a cheadú suas go dtí an 31 Nollaig 2017 agus chun coinníollacha airgeadais ag an dáta sin a chur san áireamh. Cuireadh na luachálacha a úsáideadh do chuspóirí FRS 102 i gcrích trí mhodh an aonaid réamh-mheasta a úsáid, agus rinneadh luacháil ar shócmhainní don chuspóir sin de réir luach margaidh.

Ní ar fáil lena scrúdú poiblí atá na tuarascálacha achtúireacha, ach tá siad ar fáil do bhaill na scéimeanna.

Níl aon scéimeanna neamhchistithe ag an IAA seachas dliteanas forlíontach ex-gratia. Níl aon ranníocaíochtaí gan íoc ná réamhíoctha ann ag deireadh na bliana.

### A. Scéimeanna Sochair Shainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann

| | 2017<br>Aonad<br>réamh-mheasta | 2016<br>Aonad<br>réamh-mheasta |
|---|---:|---:|
| **(i) Príomhthoimhdí achtúireacha** | | |
| *Meántoimhdí ualaithe chun oibleagáidí sochair a chinneadh* | | |
| Ráta lascaine | **2.10%** | 1.90% |
| Ráta an mhéadaithe cúitimh ghinearálta (foirne/foirne sinsearaí)† | **1.65%** | 1.50% |
| Ráta an bhoilscithe praghsanna | **1.65%** | 1.50% |
| Ráta an mhéadaithe pinsin† | **0.00%** | 0.00% |

*†Is ionann é seo agus an toimhde fhadtéarmach is infheidhme i leith méaduithe foirne/foirne sinsearaí. Mar thoradh ar staid easnaimh reatha na Scéimeanna, chinn an bord nach ndeonófaí aon mhéaduithe breise ar phinsin atá iníoctha faoi na Scéimeanna le héifeacht ón 1 Eanáir 2015 agus chuir sé an méid sin in iúl don fhoireann ar fad agus do gach Iontaobhaí pinsin le linn na bliana roimhe.*

## 20 Sochair fostaithe (ar lean)

**(i) Príomhthoimhdí achtúireacha (ar lean)**

Tá na toimhdí a bhaineann le fad na mbundliteanas pinsin tráth dháta an chláir chomhardaithe bunaithe ar na táblaí caighdeánacha mortlaíochta achtúirí agus áirítear iontu liúntas le haghaidh feabhsuithe amach anseo ar fhad. Is ionann na toimhdí agus a bheith ag súil go mairfeadh duine atá 65 bliana d'aois roinnt blianta, mar seo a leanas:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| *Ionchas saoil do bhall fireann ó 65 bliana d'aois ar thábla mortlaíochta iarscoir a úsáidtear chun oibleagáidí sochair a chinneadh do na daoine seo a leanas:* | | |
| Baill reatha ghníomhacha agus iarchurtha | **24.0** | 25.1 |
| Baill phinsinéara reatha | **22.3** | 22.9 |
| *Ionchas saoil do bhall baineann ó 65 bliana d'aois ar thábla mortlaíochta iarscoir a úsáidtear chun oibleagáidí sochair a chinneadh do na daoine seo a leanas:* | | |
| Baill reatha ghníomhacha agus iarchurtha | **26.0** | 27.2 |
| Baill phinsinéara reatha | **24.2** | 24.9 |

Roghnaítear na toimhdí arna n-úsáid ag an achtúire ó raon toimhdí achtúireacha féideartha. De bharr an scála ama a bhí i gceist, is féidir nár cruthaíodh iad i gcleachtas.

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **(ii) Suimeanna atá aitheanta sa chlár comhardaithe** | | |
| Luach reatha na n-oibleagáidí atá cistithe go hiomlán nó i bpáirt | **(625,804)** | (671,631) |
| Luach cóir shócmhainní an phlean | **540,570** | 512,753 |
| **Glandliteanas** | **(85,234)** | (158,878) |

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **(iii) Gluaiseachtaí i luach cóir shómhainní an phlean** | | |
| Luach cóir shócmhainní an phlean i dtús na bliana | **512,753** | 470,280 |
| Atomhas: toradh ar shócmhainní an phlean lúide ioncam ús | **15,516** | 27,427 |
| Ioncam úis | **9,774** | 11,797 |
| Rannaíocaíochtaí fostóirí | **19,862** | 20,266 |
| Rannaíocaíochtaí ball | **3,294** | 3,353 |
| Sochair a íocadh ón bplean | **(20,629)** | (20,370) |
| **Luach cóir shócmhainní an phlean ag deireadh na bliana** | **540,570** | 512,753 |

## 20 Sochair fostaithe (ar lean)

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| **(iv) Gluaiseachtaí i luach reatha na n-oibleagáidí sochair shainithe** | | |
| Oibleagáid sochair i dtús na bliana | **(671,631)** | (594,303) |
| Costas seirbhíse reatha | **(13,728)** | (10,552) |
| Ús ar dhliteanais an phlean | **(12,574)** | (14,603) |
| Ranníocaíochtaí ball | **(3,294)** | (3,353) |
| Atomhas: gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha | **54,794** | (69,190) |
| Sochair a íocadh ón bplean | **20,629** | 20,370 |
| **Oibleagáid sochair ag deireadh na bliana** | **(625,804)** | (671,631) |

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| **(v) Comhpháirteanna de chostais phinsin** | | |
| *Costas atá aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais* | | |
| Costas seirbhíse reatha (nóta 3) | **(13,728)** | (10,552) |
| Costas breise airgid thirim (nóta 3) | **(6,134)** | (9,714) |
| Ioncam úis ar shócmhainní sochair shainithe (nóta 4) | **9,774** | 11,797 |
| Costas úis ar dhliteanais sochair shainithe (nóta 5) | **(12,574)** | (14,603) |
| **Costas pinsin iomlán atá aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais** | **(22,662)** | (23,072) |
| **Costas pinsin iomlán atá aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais** | | |
| Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha atá aitheanta láithreach | **70,310** | (41,763) |
| Costas breise airgid thirim | **6,134** | 9,714 |
| | **76,444** | (32,049) |
| **Iomlán don bhliain** | **53,782** | (55,121) |
| **Suim charnach na gcaillteanas achtúireach atá aitheanta in ioncam cuimsitheach eile** | **(253,869)** | (324,179) |

### 20 Sochair fostaithe (ar lean)

| | 2017 Suim shócmhainní an phlean €'000 | 2016 Suim shócmhainní an phlean €'000 |
|---|---|---|
| **(vi) Sócmhainní an phlean** | | |
| *Na leithdháiltí sócmhainní amhail an 31 Nollaig:* | | |
| Urrúis chothromais | **220,917** | 206,155 |
| Urrúis bhannaí | **218,035** | 217,857 |
| Eile | **101,618** | 88,741 |
| | **540,570** | 512,753 |

Gearrfar ioncam úis ar shócmhainní an phlean ag ráta 2.1% *(2016: 1.9%).*

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| *Toradh iarbhír ar shócmhainní* | | |
| Toradh iarbhír ar shócmhainní an phlean | **25,290** | 39,224 |

| | €'000 |
|---|---|
| **(vii) Suimeanna eile nach mór a nochtadh** | |
| Ranníocaíochtaí atáthar ag súil le bheith déanta ag an IAA le linn 2018. | **20,015** |

### B. Dliteanas pinsin forlíontach ex-gratia

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Ag tús na bliana | **1,831** | 1,522 |
| Suimeanna atá curtha ar fáil le haghaidh dliteanas pinsin forlíontach ex-gratia | **320** | 333 |
| Íocaíochtaí a rinneadh le linn na bliana | **(20)** | (24) |
| **Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin** | **2,131** | 1,831 |

Lasmuigh de scéimeanna pinsean an IAA, tá foráil ann d'íocaíochtaí pinsin forlíontacha ex-gratia, suas go dtí 65 bliana d'aois, chun an bhearna a laghdú d'fhostaithe áirithe atá i dteideal dul ar scor idir 60 bliain d'aois agus 65 bliana d'aois agus nach bhfuil i dteideal an pinsean stáit a fháil go dtí go mbainfidh siad aois scoir an stáit amach.

## 20 Sochair fostaithe (ar lean)

### C. Plean Pinsean Ranníocaíochta Sainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012

Feidhmíonn an IAA scéim pinsean ranníocaíochta sainithe dar teideal 'Plean Pinsean Ranníocaíochta Sainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012', rud a bunaíodh an 1 Eanáir 2012. Tá sí i bhfeidhm do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta ón dáta sin ar aghaidh. Is ionann an táille phinsin don tréimhse agus ranníocaíochtaí a bhí iníoctha ag an IAA leis an scéim agus b'ionann an táille sin agus €90,212 *(2016: €70,409)*.

## 21 Meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta

### Príomhfhoinsí na neamhchinnteachta meastacháin

Éilítear ar an lucht bainistíochta agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite a n-ullmhú meastacháin a dhéanamh agus breithiúnais a thabhairt a théann i bhfeidhm ar shuimeanna tuairiscithe na sócmhainní agus na ndliteanas ag dáta na ráiteas airgeadais agus ar shuimeanna tuairiscithe an ioncaim agus na gcostas le linn na tréimhse tuairiscithe.

Tá meastacháin agus breithiúnais bunaithe ar an taithí stairiúil agus ar thosca eile atá réasúnta faoi imthosca reatha. D'fhéadfadh torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin dá gcruthófaí na toimhdí sin a bheith mícheart nó dá dtiocfadh cúinsí aníos nach bhfuiltear ag súil leo chun críocha na meastachán sin. Is éard atá sna nithe seo a leanas ná na réimsí ríthábhachtacha nach mór don lucht bainistíochta meastacháin a dhéanamh orthu agus breithiúnais a thabhairt orthu.

### Toimhdí pinsin

Meastachán suntasach i ráitis airgeadais an IAA is ea luacháil na scéimeanna pinsean sochair shainithe, go háirithe sa mhargadh neamhchinnte reatha. Tá tuilleadh sonraí le fáil i Nóta 20. Rinne na stiúrthóirí athbhreithniú ar na toimhdí a rinne achtúirí gairmiúla neamhspleácha agus luach cóir na scéimeanna pinsean sochair shainithe á mheasúnú agus mheas siad gur toimhdí réasúnta iad na toimhdí sin.

## 22 Eachtraí i ndiaidh an chláir chomhardaithe


An 23 Márta 2018, mhol an bord go n-íocfaí díbhinn €19.5 milliún (€1.09 in aghaidh na scaire) *(2016: €9.2 milliún (€0.52 in aghaidh na scaire))*. Tá díbhinn speisialta de €12.0 milliún (€0.67 in aghaidh na scaire) san áireamh leis seo.

## 23 Formheas na ráiteas airgeadais


D'fhormheas na stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 23 Márta 2018.

# Achoimre cúig bliana 2013-2017


**Láimhdeachas €'000**





**Aerárthaí Cláraithe**





**Brabús Oibriúcháin €'000**





**Brabús tar éis cánach €'000**





**Aonaid Seirbhíse faoi Bhealach** ('000)




**Ráta Aonad Seirbhíse faoi Bhealach** (€)




## Gníomhaíocht Aerthráchta





## Aonaid Seirbhíse Críochfoirt




## Ceadúnais Bhailí




## Ráta Aonaid Chríochfoirt
(€)



**Údarás Eitlíochta na hÉireann**
The Times Building, 11-12 Sráid D'Olier, Baile Atha Cliath 2.
Fón: +353 1 671 8655  Facs: +353 1 679 2934
www.iaa.ie